**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

**2023/0212(COD)**

9.2.2024

# ***I
# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an euro digiteach a bhunú
(COM(2023)0369 – C9-0219/2023 – 2023/0212(COD))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir don tuairim: Stefan Berger

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe i gcomhréir le Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Emil Radev. an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an euro digiteach a bhunú**
**(COM(2023)0369 – C9-0219/2023 – 2023/0212(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0369),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0219/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 31 Deireadh Fómhair 2023[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

– ag féachaint do Riail 59 agus do Riail 41 dá Rialacha Nós Imeachta

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal 1**

[1] IO C 2024/669 an 12.1.2024.
[2] IO C ...

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an ***e***uro ***d***igiteach a bhunú | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an ***E***uro ***D***igiteach a bhunú<br>*[Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha tríd síos]* |

Or. en

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Ní féidir airgead bainc ceannais i bhfoirm nótaí bainc agus monaí a úsáid le haghaidh íocaíochtaí ar líne. Sa lá atá inniu ann, ***braitheann íocaíochtaí ar líne go hiomlán ar*** airgead bainc thráchtála. Braitheann inghlacthacht agus idirmhalartacht airgead bainc thráchtála ar a in-chomhshóiteacht ar bhonn ceann ar cheann le hairgead bainc ceannais le hairgead dlíthairgthe, rud a fheidhmíonn mar ancaire airgeadaíochta. Tá an ancaire airgeadaíochta sin i gcroílár fheidhmiú na gcóras airgeadaíochta agus airgeadais. Tá sé mar bhonn thaca faoi mhuinín úsáideoirí as airgead bainc thráchtála agus as an euro mar airgeadra agus, dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach chun cobhsaíocht an chórais airgeadaíochta a chosaint i ngeilleagar agus i sochaí dhigitithe. Ós rud é nach féidir le hairgead bainc ceannais i bhfoirm fhisiceach amháin aghaidh a thabhairt ar riachtanais geilleagair atá ag digitiú go tapa, d’fhéadfadh sé sin deireadh a chur de réir a chéile leis an ancaire airgeadaíochta d’airgead bainc thráchtála. Is gá, dá bhrí sin, cineál nua airgeadra oifigiúil a | (3) Ní féidir airgead bainc ceannais i bhfoirm nótaí bainc agus monaí a úsáid le haghaidh íocaíochtaí ar líne. Sa lá atá inniu ann***, ní féidir ach*** airgead bainc tráchtála ***a rochtain le réitigh íocaíochta ar líne***. Braitheann inghlacthacht agus idirmhalartacht airgead bainc thráchtála ar a in-chomhshóiteacht ar bhonn ceann ar cheann le hairgead bainc ceannais le hairgead dlíthairgthe, rud a fheidhmíonn mar ancaire airgeadaíochta. Tá an ancaire airgeadaíochta sin i gcroílár fheidhmiú na gcóras airgeadaíochta agus airgeadais. Tá sé mar bhonn thaca faoi mhuinín úsáideoirí as airgead bainc thráchtála agus as an euro mar airgeadra agus, dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach chun cobhsaíocht an chórais airgeadaíochta a chosaint i ngeilleagar agus i sochaí dhigitithe. Ós rud é nach féidir le hairgead bainc ceannais i bhfoirm fhisiceach amháin aghaidh a thabhairt ar riachtanais geilleagair atá ag digitiú go tapa, d’fhéadfadh sé sin deireadh a chur de réir a chéile leis an ancaire airgeadaíochta d’airgead bainc thráchtála. Is gá, dá bhrí sin, cineál nua airgeadra oifigiúil a |

| | |
|---|---|
| thabhairt isteach le dlíthairiscint atá saor ó riosca agus a chabhraíonn leis an inmhalartacht a léiriú ar comhchéim leis an airgead a eisíonn bainc thráchtála éagsúla. | thabhairt isteach le dlíthairiscint atá saor ó riosca agus a chabhraíonn leis an inmhalartacht a léiriú ar comhchéim leis an airgead a eisíonn bainc thráchtála éagsúla. |

Or. en

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le geilleagar atá ag digitiú go tapa, ba cheart don euro digiteach tacú le cásanna úsáide d'íocaíochtaí miondíola. Áirítear leis na ***cásanna*** úsáide sin íocaíochtaí ó dhuine go duine, ó dhuine go rialtas, ó ghnólacht le duine, ó ghnólacht go gnólacht, ó ghnólacht go rialtas, ó rialtas le duine, ó rialtas go gnólacht, agus ó rialtas go rialtas. Anuas air sin, ***ba cheart an euro digiteach a bheith in ann riachtanais íocaíochtaí amach anseo a chomhlíonadh, agus*** go háirithe íocaíochtaí meaisín le meaisín i gcomhthéacs Thionsclaíocht 4.0 agus íocaíochtaí ar an idirlíon díláraithe (Web3). Níor cheart don euro digiteach freastal ar íocaíochtaí idir idirghabhálaithe airgeadais, soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh (***is é sin*** íocaíochtaí mórdhíola), a bhfuil córais socraíochta in airgead bainc ceannais ann ina leith ***agus i gcás ina bhfuil imscrúdú breise á dhéanamh ag an Eurochóras*** ar úsáid teicneolaíochtaí éagsúla. | (4) Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le geilleagar atá ag digitiú go tapa, ba cheart don Euro Digiteach tacú le cásanna úsáide d'íocaíochtaí miondíola. Áirítear ar na ***cásanna*** úsáide sin íocaíochtaí ó dhuine le duine, ó dhuine le rialtas, ó ghnólacht le duine, ó ghnólacht le gnólacht, ó ghnólacht le rialtas, ó rialtas le duine, ó rialtas le gnólacht, agus ó rialtas le rialtas ***i bhfianaise a thábhachtaí atá siad anois agus a bheidh siad amach anseo***. Ina theannta sin, ***déanfar faireachán ar chásanna úsáide atá ag teacht chun cinn d'fhonn go bhféadfaí cumhdach a thabhairt i gcás scaoiltí amach anseo,*** go háirithe íocaíochtaí meaisín le meaisín i gcomhthéacs Thionsclaíocht 4.0 agus íocaíochtaí ar an idirlíon díláraithe (web3)***. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar na treochtaí íocaíochta sin trína chur san áireamh gurb í an earnáil phríobháideach san Aontas is fearr atá in ann réitigh a fhorbairt i ndáil leis sin***. Níor cheart don Euro Digiteach freastal ar íocaíochtaí idir idirghabhálaithe airgeadais, soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh (***dá ngairtear*** íocaíochtaí mórdhíola), a bhfuil córais socraíochta in airgead bainc ceannais ann ina leith***. I gcás na n-íocaíochtaí sin, agus ag féachaint d'iomaíochas an Euro sa chomhthéacs domhanda, ba cheart don Eurochóras féachaint ar*** theicneolaíochtaí éagsúla a |

| | |
|---|---|
| | úsáid. |

Or. en

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Sa chomhthéacs nach féidir le hairgead tirim amháin freagairt do riachtanais geilleagair dhigitithe, tá sé fíor-riachtanach tacú le cuimsiú airgeadais trí rochtain uilíoch, inacmhainne agus éasca ar an euro digiteach a áirithiú do dhaoine sa limistéar euro, chomh maith lena ghlacadh forleathan maidir le híocaíochtaí. ***D'fhéadfadh méadú teacht ar*** eisiamh airgeadais sa gheilleagar digitithe ***ós rud é*** go ***bhféadfadh sé nach*** bhfreastalódh modhanna íocaíochta digiteacha príobháideacha go sonrach ar ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí ***nó go bhféadfadh sé nach mbeadh siad oiriúnach i roinnt ceantar tuaithe nó iargúlta gan líonra cumarsáide (cobhsaí)***. De réir an Bhainc Dhomhanda agus an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, 'tá córais agus seirbhísí íocaíochta miondíola atá éifeachtúil, inrochtana agus sábháilte ríthábhachtach le haghaidh cuimsiú airgeadais níos fearr'***.***[24] Tugadh bunús breise leis an gcinneadh sin leis an staidéar ar Mhodhanna Nua Íocaíochta Digití arna choimisiúnú ag an mBanc Ceannais Eorpach, inar thángthas ar an gconclúid gurb iad na gnéithe is tábhachtaí maidir le modh íocaíochta ***nua*** éascaíocht úsáide, gan scileanna teicneolaíochta a bheith ag teastáil, agus a bheith slán agus saor in aisce i gcás an daonra gan cuntas bainc/gan seirbhísí iomlána bainc/as líne***.***[25] ***Chuirfeadh*** euro digiteach ***rogha mhalartach phoiblí ar fáil ar mhodhanna príobháideacha digiteacha íocaíochtaí*** | (5) Sa chomhthéacs nach féidir le hairgead tirim amháin freagairt do riachtanais geilleagair dhigitithe, tá sé fíor-riachtanach tacú le cuimsiú airgeadais trí rochtain uilíoch, inacmhainne agus éasca ar an Euro Digiteach a áirithiú do dhaoine sa limistéar euro, chomh maith lena ghlacadh forleathan maidir le híocaíochtaí. ***Tugtar aghaidh ar*** eisiamh airgeadais sa gheilleagar digitithe ***le sraith oibleagáidí dlíthiúla i rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach chun a áirithiú go*** bhfreastalaíonn modhanna íocaíochta digiteacha príobháideacha go sonrach ar ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí. Dé réir an Bhainc Dhomhanda agus an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, 'tá córais agus seirbhísí íocaíochta miondíola atá éifeachtúil, inrochtana agus sábháilte criticiúil do chuimsiú airgeadais níos fearr'[24]***.*** Tugadh bunús breise leis an gcinneadh sin leis an staidéar ar Mhodhanna Nua Íocaíochta Digití arna choimisiúnú ag an mBanc Ceannais Eorpach, inar thángthas ar an gconclúid gurb iad na gnéithe is tábhachtaí maidir le modh íocaíochta éascaíocht úsáide, gan scileanna teicneolaíochta a bheith ag teastáil, agus a bheith slán agus saor in aisce i gcás an daonra gan cuntas bainc/gan seirbhísí iomlána bainc/as líne[25]***. Ba cheart go mbeadh*** Euro Digiteach deartha de réir na gcuspóirí sin, agus ar an gcaoi sin go bhfreastalódh sé ar rochtain saor in aisce, |

| | |
|---|---|
| ***agus thacódh sé le cuimsiú airgeadais toisc go mbeadh sé*** deartha de réir na gcuspóirí sin, agus ar an gcaoi sin go bhfreastalódh sé ar rochtain saor in aisce, ar éascacht úsáide agus ar inrochtaineacht fhorleathan agus ar ghlacadh forleathan. | ar éascacht úsáide agus ar inrochtaineacht fhorleathan agus ar ghlacadh forleathan. ***Ina theannta sin, le réiteach íocaíochta tiomnaithe arna thairiscint ag an earnáil phoiblí i gcomhar le húdaráis ainmnithe a thairgeann seirbhísí sa Euro Digiteach, thacófaí le cuimsiú airgeadais na saoránach gan cuntas bainc.*** |
| ___________________ | ___________________ |
| 24 https://documents1.worldbank.org/curated/en/806481470154477031/pdf/Payment-Aspects-of-Financial-Inclusion.pdf | 24 https://documents1.worldbank.org/curated/en/806481470154477031/pdf/Payment-Aspects-of-Financial-Inclusion.pdf |
| [25] Staidéar ar Mhodhanna Nua Íocaíochta Digití (europa.eu), Mí an Mhárta 2022. De réir an Bhainc Dhomhanda, ciallaíonn cuimsiú airgeadais go bhfuil rochtain ag daoine aonair ar tháirgí agus ar sheirbhísí airgeadais atá úsáideach agus inacmhainne a fhreastalaíonn ar a riachtanais – idirbhearta, íocaíochtaí, coigilteas, creidmheas agus árachas'. | [25] Staidéar ar Mhodhanna Nua Íocaíochta Digití (europa.eu), Mí an Mhárta 2022. De réir an Bhainc Dhomhanda, ciallaíonn cuimsiú airgeadais go bhfuil rochtain ag daoine aonair ar tháirgí agus ar sheirbhísí airgeadais atá úsáideach agus inacmhainne a fhreastalaíonn ar a riachtanais – idirbhearta, íocaíochtaí, coigilteas, creidmheas agus árachas'. |

Or. en

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) D'fhonn deighilt shoiléir a áirithiú idir cúraimí maoirseachta na gcóras airgeadaíochta, maoirseachta agus íocaíochta, agus cúraimí an Bhainc Cheannais Eorpaigh maidir leis an Euro Digiteach, ba cheart aonad tiomnaithe don Euro Digiteach a bhunú laistigh den Bhanc Ceannais Eorpach a bheidh neamhspleách ó thaobh cuntasaíochta, eagrúcháin agus próisis chinnteoireachta de.*** |

Or. en

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ar nós nótaí bainc agus monaí euro, ba cheart an euro digiteach a bheith ina dhliteanas díreach ar an mBanc Ceannais Eorpach nó ar bhainc cheannais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu i leith úsáideoirí an euro dhigitigh. Ba cheart an euro digiteach a eisiúint le haghaidh méid cothrom le haghaidhluach an dliteanais chomhfhreagraigh ar chlár comhardaithe comhdhlúite an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, go háirithe trí chúlchistí na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a chomhshó ina sealúchais dhigiteacha, chun an t-éileamh ó úsáideoirí digiteacha euro a shásamh. Chun euro digiteach a choinneáil agus a úsáid, níor cheart d'úsáideoirí den euro digiteach ach caidreamh conarthach a bhunú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta a dháileann an euro digiteach ar ***chuntais íocaíochta*** oscailte sa euro digiteach. Ní bhunófaí aon chuntas ná gaol conarthach eile idir an t-úsáideoir den euro digiteach agus an Banc Ceannais Eorpach nó na bainc ceannais náisiúnta. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ***cuntais*** sa euro digiteach úsáideoirí den euro digiteach a bhainistiú thar a gceann agus seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar dóibh. Ós rud é nach páirtí iad soláthraithe seirbhísí íocaíochta sa dliteanas díreach atá ag úsáideoirí den euro digiteach i leith an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, agus go bhfuil siad ag gníomhú thar ceann úsáideoirí den euro digiteach, ní dhéanfadh dócmhainneacht soláthraithe seirbhísí íocaíochta difear d'úsáideoirí den | (9) Ar nós nótaí bainc agus monaí euro, ba cheart an Euro Digiteach a bheith ina dhliteanas díreach ar an mBanc Ceannais Eorpach nó ar bhainc cheannais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu i leith úsáideoirí an Euro Dhigitigh. Ba cheart an Euro Digiteach a eisiúint le haghaidh méid cothrom le haghaidhluach an dliteanais chomhfhreagraigh ar chlár comhardaithe comhdhlúite an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, go háirithe trí chúlchistí na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a chomhshó ina sealúchais dhigiteacha, chun an t-éileamh ó úsáideoirí an Euro Dhigitigh a shásamh. Chun Euro Digiteach a choinneáil agus a úsáid, níor cheart d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh ach caidreamh conarthach a bhunú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta a dháileann an Euro Digiteach ar ***thiachóga*** Euro Dhigitigh oscailte. Ní bhunófaí aon chuntas ná gaol conarthach eile idir úsáideoir an Euro Dhigitigh agus an Banc Ceannais Eorpach nó na bainc ceannais náisiúnta. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ***tiachóga*** Euro Dhigitigh úsáideoirí an Euro Dhigitigh a bhainistiú thar a gceann agus seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar dóibh. Ós rud é nach páirtí iad soláthraithe seirbhísí íocaíochta sa dliteanas díreach atá ag úsáideoirí an Euro Dhigitigh i leith an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, agus go bhfuil siad ag gníomhú thar ceann úsáideoirí an Euro Dhigitigh, ní dhéanfadh dócmhainneacht soláthraithe seirbhísí |

| | |
|---|---|
| euro digiteach. | íocaíochta difear d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh. |

Or. en

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris (16)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart an euro digiteach, mar airgeadra digiteach ag a bhfuil stádas dlíthairisceana atá ainmnithe in euro arna eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag bainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, mar chuid den Eurochóras, a bheith inrochtana agus inúsáidte go forleathan agus glacadh forleathan leis. Trí dlíthairiscint a dheonú don euro digiteach, ba cheart tacú lena inúsáidteacht in íocaíochtaí ar fud an limistéir euro agus, ar an gcaoi sin, tacú leis na hiarrachtaí infhaighteacht agus inrochtaineacht leanúnach ar airgead bainc ceannais ina ról mar ancaire airgeadaíochta, ós rud é nach féidir le hairgead tirim amháin aghaidh a thabhairt ar riachtanais geilleagair atá ag digitiú go tapa. Thairis sin, le glacadh sainordaitheach íocaíochtaí in euro digiteach mar cheann de phríomhchoinníollacha na dlíthairisceana, áirithítear go mbainfidh daoine agus gnólachtaí leas as an nglacadh forleathan agus go mbeidh fíor-rogha acu airgead an bhainc ceannais a íoc ar bhealach digiteach agus ar bhealach ***aonfhoirmeach*** ar fud an limistéir euro. | (16) Ba cheart an Euro Digiteach, mar airgeadra digiteach ag a bhfuil stádas dlíthairisceana atá ainmnithe in euro arna eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag bainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, mar chuid den Eurochóras, a bheith inrochtana agus inúsáidte go forleathan agus glacadh forleathan leis. Trí dlíthairiscint a dheonú don Euro Digiteach, ba cheart tacú lena inúsáidteacht in íocaíochtaí ar fud an limistéir euro agus, ar an gcaoi sin, tacú leis na hiarrachtaí infhaighteacht agus inrochtaineacht leanúnach ar airgead bainc ceannais ina ról mar ancaire airgeadaíochta, ós rud é nach féidir le hairgead tirim amháin aghaidh a thabhairt ar riachtanais geilleagair atá ag digitiú go tapa. Thairis sin, le glacadh sainordaitheach íocaíochtaí in Euro Digiteach mar cheann de phríomhchoinníollacha na dlíthairisceana, áirithítear go mbainfidh daoine agus gnólachtaí leas as an nglacadh forleathan agus go mbeidh fíor-rogha acu airgead an bhainc ceannais a íoc ar bhealach digiteach agus ar bhealach ***iontaofa agus comhsheasmhach*** ar fud an limistéir euro. |

Or. en

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Is é an príomhchuspóir atá le bunú an euro dhigitigh é a úsáid mar fhoirm den airgeadra aonair le dlíthairiscint sa limistéar euro. Chun na críche sin agus i gcomhréir leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar ar úsáideoirí den euro digiteach a bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro nó bunaithe ann, lena n-áirítear tomhaltóirí nach bhfuil seoladh seasta acu, iarrthóirí tearmainn agus tomhaltóirí nach ndeonaítear cead cónaithe orthu ach nach féidir iad a dhíbirt ar chúiseanna dlíthiúla nó fíorasacha. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil ag fáil seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach cheana, ós rud é gur oscail siad ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach an tráth a raibh cónaí orthu i mBallstát nó a raibh siad bunaithe ann agus a bhfuil an euro mar airgeadra aige, ach nach bhfuil cónaí orthu a thuilleadh nó nach bhfuil siad bunaithe a thuilleadh sa Bhallstát sin, féadfaidh siad seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a fháil fós ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi réir teorainneacha ama a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le stádas cónaithe nó bunaíochta na ndaoine sin a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a shainiú. | (21) Is é an príomhchuspóir atá le bunú an Euro Dhigitigh é a úsáid mar fhoirm den airgeadra aonair le dlíthairiscint sa limistéar euro. Chun na críche sin agus i gcomhréir leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach a sholáthar d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh a bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro nó bunaithe ann, lena n-áirítear tomhaltóirí nach bhfuil seoladh seasta acu, iarrthóirí tearmainn agus tomhaltóirí nach ndeonaítear cead cónaithe orthu ach nach féidir iad a dhíbirt ar chúiseanna dlíthiúla nó fíorasacha. Daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhí ag fáil seirbhísí íocaíochta don Euro Digiteach cheana féin, toisc gur oscail siad ***tiachóg*** Euro Dhigitigh tráth a bhí cónaí orthu i mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige, nó tráth a bhí siad bunaithe ann, ach nach bhfuil ina gcónaí sa Bhallstát sin a thuilleadh nó atá bunaithe sa Bhallstát sin, féadfaidh siad seirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach a fháil fós ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi réir teorainneacha ama a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le stádas cónaithe nó bunaíochta na ndaoine sin a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a shainiú. |

Or. en

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Is catagóir ***cuntas íocaíochta*** iad cuntais íocaíochta sa euro digiteach atá ainmnithe in euro trína bhfuil úsáideoirí den euro digiteach in ann na hidirbhearta seo a leanas, inter alia, a dhéanamh: cistí a chur, airgead tirim a tharraingt amach, agus idirbhearta íocaíochta a dhéanamh le tríú páirtithe agus a fháil uatha, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear agus ar struchtúr an mhórleabhair nó na sonraí (e.g. an ndéantar euro digiteach a thaifeadadh mar iarmhéideanna sealúchais nó mar aonaid luacha). I gcás ina n-éilíonn na gníomhaíochtaí sin próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith ina rialaitheoirí. | (23) Is catagóir cuntas íocaíochta iad ***tiachóga*** Euro Dhigitigh atá ainmnithe in euro trína mbíonn úsáideoirí an Euro Dhigitigh in ann na hidirbhearta seo a leanas, *inter alia*, a dhéanamh: cistí a chur, airgead tirim a tharraingt amach, agus idirbhearta íocaíochta a dhéanamh le tríú páirtithe agus a fháil uatha, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear agus ar struchtúr an mhórleabhair nó na sonraí (e.g. an ndéantar Euro Digiteach a thaifeadadh mar iarmhéideanna sealúchais nó mar aonaid luacha). I gcás ina n-éilíonn na gníomhaíochtaí sin próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith ina rialaitheoirí. |

Or. en

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun aon teorainn sealúchais maidir le húsáid an euro dhigitigh a chinnfidh an Banc Ceannais Eorpach a fhorfheidhmiú, agus úsáideoirí den euro digiteach á mbordáil acu, nó le linn seiceálacha ex-post i gcás inarb iomchuí, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá i gceannas ar an euro digiteach a dháileadh a fhíorú an bhfuil ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach ag an gcustaiméir ionchasach nó ag an gcustaiméir atá ann cheana. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach tacú le soláthraithe | (25) Chun aon teorainn sealúchais maidir le húsáid an Euro Dhigitigh a chinnfidh an Banc Ceannais Eorpach a fhorfheidhmiú, agus úsáideoirí an Euro Dhigitigh á mbordáil acu, nó le linn seiceálacha *ex-post* i gcás inarb iomchuí, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá i gceannas ar an Euro Digiteach a dháileadh a fhíorú an bhfuil ***tiachóga*** Euro Dhigitigh ag an gcustaiméir ionchasach nó ag an gcustaiméir atá ann cheana. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach tacú le soláthraithe seirbhísí |

| | |
|---|---|
| seirbhísí íocaíochta an cúram a chur i gcrích maidir le haon teorainn sealúchais a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí phointe rochtana aonair d'aitheantóirí úsáideora den euro digiteach agus na teorainneacha sealúchais sa euro digiteach a bhunú ina n-aonar nó i gcomhpháirt le bainc ceannais náisiúnta. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, chun a áirithiú nach féidir céannacht úsáideoirí aonair den euro digiteach a nascadh leis an bhfaisnéis sa stór lárnach ag eintitis seachas soláthraithe seirbhísí íocaíochta arb é a gcliant nó a gcustaiméir ionchasach an t-úsáideoir den euro digiteach. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach a bheith ina rialaitheoir a mhéid a éilíonn na gníomhaíochtaí sin go ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil. Nuair a bhunaíonn an Banc Ceannais Eorpach an pointe rochtana aonair in éineacht leis na bainc ceannais náisiúnta, ba cheart dóibh a bheith ina rialaitheoirí comhpháirteacha. | íocaíochta an cúram a chur i gcrích maidir le haon teorainn sealúchais a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí phointe rochtana aonair d'aitheantóirí úsáideoir an Euro Dhigitigh agus na teorainneacha sealúchais sa euro digiteach a bhunú ina n-aonar nó i gcomhpháirt le bainc ceannais náisiúnta. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, chun a áirithiú nach féidir céannacht úsáideoirí aonair an Euro Dhigitigh a nascadh leis an bhfaisnéis sa stór lárnach ag eintitis seachas soláthraithe seirbhísí íocaíochta arb é a gcliant nó a gcustaiméir ionchasach úsáideoir an Euro Dhigitigh. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach a bheith ina rialaitheoir a mhéid a éilíonn na gníomhaíochtaí sin go ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil. Nuair a bhunaíonn an Banc Ceannais Eorpach an pointe rochtana aonair in éineacht leis na bainc ceannais náisiúnta, ba cheart dóibh a bheith ina rialaitheoirí comhpháirteacha. |

Or. en

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Chun tacú le rochtain uilíoch ar an euro digiteach ag an bpobal i gcoitinne sa limistéar euro, agus chun nuálaíocht agus ardleibhéal iomaíochta a chothú i margadh na n-íocaíochtaí miondíola, ba cheart na hidirghabhálaithe ábhartha uile a bheith in ann an euro digiteach a dháileadh. Maidir le gach soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas faoi Threoir 2015/2366, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa, | (26) Chun tacú le rochtain uilíoch ar an Euro Digiteach ag an bpobal i gcoitinne sa limistéar euro, agus chun nuálaíocht agus ardleibhéal iomaíochta a chothú i margadh na n-íocaíochtaí miondíola, ba cheart na hidirghabhálaithe ábhartha uile a bheith in ann an Euro Digiteach a dháileadh. Maidir le gach soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas faoi Threoir 2015/2366, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa, |

institiúidí ríomh-airgid, institiúidí íocaíochta, institiúidí gíoró postoifige atá i dteideal faoin dlí náisiúnta seirbhísí íocaíochta a sholáthar, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, mar chuid den Eurochóras, sa chás nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údaráis airgeadaíochta ná mar údaráis phoiblí eile, agus ba cheart do na Ballstáit nó dá n-údaráis réigiúnacha nó áitiúla, sa chás nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údaráis phoiblí, a bheith in ann ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach agus na seirbhísí digiteacha íocaíochta euro gaolmhara a sholáthar, gan beann ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Ba cheart cead a bheith ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a rialaítear faoi Rialachán 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] agus atá ina soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas faoi Threoir 2015/2366 an euro digiteach a dháileadh freisin. I gcomhréir le Treoir 2015/2366, ba cheart é a bheith d’oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas rochtain a sholáthar ar shonraí maidir le cuntais íocaíochta do sholáthraithe seirbhísí tionscnaimh íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais bunaithe ar Chomhéadain Feidhmchláir (CFanna), chun go mbeidh siad in ann seirbhísí nuálacha breise a fhorbairt agus a sholáthar.

[29] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937***,*** IO L 150, 9.6.2023, lch. 40

institiúidí ríomh-airgid, institiúidí íocaíochta, institiúidí gíoró postoifige atá i dteideal faoin dlí náisiúnta seirbhísí íocaíochta a sholáthar, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, mar chuid den Eurochóras, sa chás nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údaráis airgeadaíochta ná mar údaráis phoiblí eile, agus ba cheart do na Ballstáit nó dá n-údaráis réigiúnacha nó áitiúla, sa chás nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údaráis phoiblí, a bheith in ann ***tiachóga*** Euro Dhigitigh agus na seirbhísí íocaíochta gaolmhara sa Euro Digiteach a sholáthar, gan beann ar an áit ina bhfuil siad sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Ba cheart cead a bheith ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a rialaítear faoi Rialachán 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] agus atá ina soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas faoi Threoir 2015/2366 an Euro Digiteach a dháileadh freisin. I gcomhréir le Treoir 2015/2366, ba cheart é a bheith d’oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas rochtain a sholáthar ar shonraí maidir le cuntais íocaíochta do sholáthraithe seirbhísí tionscnaimh íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais bunaithe ar Chomhéadain Feidhmchláir (CFanna), chun go mbeidh siad in ann seirbhísí nuálacha breise a fhorbairt agus a sholáthar.

[29] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ***(***IO L 150, 9.6.2023, lch. 40***).***

Or. en

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ba cheart ceanglas maidir leis an euro digiteach a dháileadh a bheith comhréireach leis an gcuspóir úsáid éifeachtach an euro dhigitigh mar mhodh íocaíochta dlíthairgthe a áirithiú. Dá ndéanfaí an oibleagáid sin a shrianadh d'institiúidí creidmheasa atá gníomhach cheana féin i seirbhísí gnó miondíola, d'áiritheofaí éifeachtacht na dlíthairisceana, agus sheachnófaí ag an am céanna ualach díréireach a chur ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ag a bhfuil samhlacha gnó speisialaithe nach bhfuil dírithe ar thomhaltóirí. Dá bhrí sin, tá an oibleagáid an euro digiteach a dháileadh teoranta d'institiúidí creidmheasa a sholáthraíonn seirbhísí cuntais íocaíochta arna iarraidh sin dá gcliaint. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm Chaibidil IV den Treoir maidir le Cuntais Íocaíochta maidir le rochtain ar chuntas íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha aige ar rochtain ar ***chuntas*** digiteach euro a bhfuil gnéithe bunúsacha aige do thomhaltóirí nach cliaint d'institiúid creidmheasa iad. | (28) Ba cheart ceanglas maidir leis an Euro Digiteach a dháileadh a bheith comhréireach leis an gcuspóir úsáid éifeachtach an Euro Dhigitigh mar mhodh íocaíochta dlíthairgthe a áirithiú. Dá ndéanfaí an oibleagáid sin a shrianadh d'institiúidí creidmheasa atá gníomhach cheana féin i seirbhísí gnó miondíola, d'áiritheofaí éifeachtacht na dlíthairisceana, agus sheachnófaí ag an am céanna ualach díréireach a chur ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ag a bhfuil samhlacha gnó speisialaithe nach bhfuil dírithe ar thomhaltóirí. Dá bhrí sin, tá an oibleagáid an Euro Digiteach a dháileadh teoranta d'institiúidí creidmheasa a sholáthraíonn seirbhísí cuntais íocaíochta arna iarraidh sin dá gcliaint. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm Chaibidil IV den Treoir maidir le Cuntais Íocaíochta maidir le rochtain ar chuntas íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha aige ar rochtain ar ***thiachóg*** Euro Dhigitigh a bhfuil gnéithe bunúsacha aige do thomhaltóirí nach cliant d'institiúid creidmheasa iad. |

Or. en

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun úsáid fhorleathan an euro dhigitigh a áirithiú, lena n-áirítear i gcás | (29) Chun úsáid fhorleathan an Euro Dhigitigh a áirithiú, lena n-áirítear i gcás |

| | |
|---|---|
| daoine nach bhfuil cuntas íocaíochta sa euro ***neamhdhigiteach*** acu, nach mian leo ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach a oscailt in institiúid chreidmheasa nó i soláthraithe seirbhíse íocaíochta eile a fhéadfaidh an euro digiteach a dháileadh, nó daoine faoi mhíchumas, teorainneacha feidhme nó scileanna digiteacha teoranta, agus daoine scothaosta a dháileadh, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh eintitis phoiblí, lena n-áirítear údaráis áitiúla nó réigiúnacha, nó oifigí poist, an euro digiteach a dháileadh. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit eintitis a ainmniú ar cheart dóibh an cúram sin a dhéanamh laistigh dá gcríoch. Ba cheart d'eintitis den sórt sin, mar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faoi Threoir (AE) 2015/2366, forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear Treoir (AE) 2015/2366 agus Treoir (AE) 2015/849. | daoine nach bhfuil cuntas íocaíochta sa Euro ***neamh-Dhigiteach*** acu, nach mian leo ***tiachóg*** Euro Dhigitigh a oscailt in institiúid chreidmheasa nó i soláthraithe seirbhíse íocaíochta eile a fhéadfaidh an Euro Digiteach a dháileadh, nó daoine faoi mhíchumas, teorainneacha feidhme nó scileanna digiteacha teoranta, agus daoine scothaosta a dháileadh, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh eintitis phoiblí, lena n-áirítear údaráis áitiúla nó réigiúnacha, nó oifigí poist, an Euro Digiteach a dháileadh. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit eintitis a ainmniú ar cheart dóibh an cúram sin a dhéanamh laistigh dá gcríoch. Ba cheart d'eintitis den sórt sin, mar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faoi Threoir (AE) 2015/2366, forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear Treoir (AE) 2015/2366 agus Treoir (AE) 2015/849. |

Or. en

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun úsáid fhorleathan an euro dhigitigh a chumasú agus chun coinneáil bonn ar bhonn leis an nuálaíocht in íocaíochtaí digiteacha, ba cheart seirbhísí bunúsacha agus seirbhísí breise íocaíochta sa euro digiteach a bheith ar áireamh i seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach. Is seirbhísí íocaíochta, ***cuntais*** nó tacaíochta iad seirbhísí bunúsacha íocaíochta digiteacha euro a mheastar a bheith fíor-riachtanach chun go n-úsáidfidh daoine nádúrtha an euro digiteach. Áirítear leis sin, inter alia, ionstraim íocaíochta amháin ar a laghad a sholáthar do dhaoine nádúrtha. Níor cheart ach do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas faoi | (30) Chun úsáid fhorleathan an Euro Dhigitigh a chumasú agus chun coinneáil bonn ar bhonn leis an nuálaíocht in íocaíochtaí digiteacha, ba cheart seirbhísí bunúsacha agus seirbhísí breise íocaíochta sa Euro Digiteach a bheith ar áireamh i seirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach. Is seirbhísí íocaíochta, ***tiachóige*** nó tacaíochta iad seirbhísí bunúsacha íocaíochta digiteacha euro a mheastar a bheith fíor-riachtanach chun go n-úsáidfidh daoine nádúrtha an euro digiteach. Áirítear leis sin, *inter alia*, ionstraim íocaíochta amháin ar a laghad a sholáthar do dhaoine nádúrtha. Níor cheart ach do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas faoi |

Threoir 2015/2366 an tacar iomlán de bhunseirbhísí sa euro digiteach a sholáthar. Sa bhreis ar na bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach sin, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile faoi Threoir 2015/2366 seirbhísí íocaíochta breise sa euro digiteach a fhorbairt agus a sholáthar. Áirítear le seirbhísí íocaíochta breise sa euro digiteach, mar shampla, idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach atá coinníollach amhail seirbhísí íocaíochta in aghaidh na húsáide nó seirbhísí íocaíochta tionscanta. Ba cheart go n-éascódh bonneagar an euro dhigitigh úsáid seirbhísí roghnacha den sórt sin.

Threoir 2015/2366 an tacar iomlán de bhunseirbhísí sa Euro Digiteach a sholáthar. Sa bhreis ar na bunseirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach sin, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile faoi Threoir 2015/2366 seirbhísí íocaíochta breise sa Euro Digiteach a fhorbairt agus a sholáthar. Áirítear le seirbhísí íocaíochta breise sa Euro Digiteach, mar shampla, idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach atá coinníollach amhail seirbhísí íocaíochta in aghaidh na húsáide nó seirbhísí íocaíochta tionscanta. Ba cheart go n-éascódh bonneagar an Euro Dhigitigh úsáid seirbhísí roghnacha den sórt sin.

Or. en

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Leis an euro digiteach, ba cheart go mbeifí in ann taithí réidh íocaíochta a fháil. Aon ionstraim a d'fhéadfadh an Banc Ceannais Eorpach a úsáid chun teorainn a chur le feidhm stór luacha an euro dhigitigh, ba cheart di an cuspóir sin a chur san áireamh. Le sásraí uathoibrithe lena nasctar cuntas íocaíochta sa euro digiteach le ***cuntas íocaíochta*** sa euro ***neamhdhigiteach***, ba cheart feidhmiúlacht íocaíochta an euro dhigitigh a bheith gan bhac, trína áirithiú go ndéantar idirbhearta go rathúil i láthair teorainneacha sealúchais den euro digiteach an duine aonair a d'fhéadfadh a bheith ceangailteach ar thaobh an íocóra nó an íocaí. Go sonrach, ba cheart d'úsáideoirí den euro digiteach a bheith in ann idirbheart íocaíochta sa euro digiteach a thionscnamh cé gur lú méid a sealúchas den euro digiteach ná méid an | (36) Leis an Euro Digiteach, ba cheart go mbeifí in ann taithí réidh íocaíochta a fháil. Aon ionstraim a d'fhéadfadh an Banc Ceannais Eorpach a úsáid chun teorainn a chur le feidhm stór luacha an Euro Dhigitigh, ba cheart di an cuspóir sin a chur san áireamh. Le sásraí uathoibrithe lena nasctar ***tiachóg*** Euro Dhigitigh le cuntas íocaíochta sa Euro ***neamh-Dhigiteach***, ba cheart feidhmiúlacht íocaíochta an Euro Dhigitigh a bheith gan bhac, trína áirithiú go ndéantar idirbhearta go rathúil i láthair teorainneacha sealúchais aonair Euro Dhigitigh a d'fhéadfadh a bheith ceangailteach ar thaobh an íocóra nó an íocaí. Go sonrach, ba cheart d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh a bheith in ann idirbheart íocaíochta sa euro digiteach a thionscnamh cé gur lú méid a sealúchas den euro digiteach ná méid an idirbhirt, trí |

| | |
|---|---|
| idirbhirt, trí chistí ó chuntas íocaíochta sa euro ***neamhdhigiteach*** a shlógadh go huathoibríoch chun méid an idirbhirt a chomhlánú ('feidhmiúlacht aisiompaithe cascáide'). Os a choinne sin, ba cheart d'úsáideoirí den euro digiteach a bheith in ann idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a fháil cé go sáraíonn méid an idirbhirt an teorainn a leagtar síos ar a sealúchais den euro digiteach, trí chistí a aistriú go huathoibríoch de bhreis ar an teorainn chuig cuntas íocaíochta sa euro ***neamhdhigiteach*** ('feidhmiúlacht cascáide'). Ba cheart na feidhmiúlachtaí íocaíochta sin a bheith údaraithe go sainráite ag úsáideoirí den euro digiteach. I gcás ina bhfuil ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach atá i seilbh soláthraí seirbhísí íocaíochta amháin nasctha le cuntas íocaíochta sa euro ***neamhdhigiteach*** atá i seilbh soláthraí seirbhísí íocaíochta eile, ba cheart dóibh socrú a dhéanamh ina sonrófar a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach faoi rialacha cosanta sonraí, agus ba cheart dóibh comhshocrú a dhéanamh maidir leis na bearta slándála is gá chun tarchur slán sonraí pearsanta idir an dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta a áirithiú. | chistí ó chuntas íocaíochta sa euro ***neamh-Dhigiteach*** a shlógadh go huathoibríoch chun méid an idirbhirt a chomhlánú ('feidhmiúlacht aisiompaithe cascáide'). Os a choinne sin, ba cheart d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh a bheith in ann idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a fháil cé go sáraíonn méid an idirbhirt an teorainn a leagtar síos ar a sealúchais den euro digiteach, trí chistí a aistriú go huathoibríoch de bhreis ar an teorainn chuig cuntas íocaíochta sa euro ***neamh-Dhigiteach*** ('feidhmiúlacht cascáide'). Ba cheart na feidhmiúlachtaí íocaíochta sin a bheith údaraithe go sainráite ag úsáideoirí an Euro Dhigitigh. I gcás ina bhfuil ***tiachóg*** Euro Dhigitigh atá i seilbh soláthraí seirbhísí íocaíochta amháin nasctha le cuntas íocaíochta sa Euro ***neamh-Dhigiteach*** atá i seilbh soláthraí seirbhísí íocaíochta eile, ba cheart dóibh socrú a dhéanamh ina sonrófar a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach faoi rialacha cosanta sonraí, agus ba cheart dóibh comhshocrú a dhéanamh maidir leis na bearta slándála is gá chun tarchur slán sonraí pearsanta idir an dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta a áirithiú. |

Or. en

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Aon teorainn ar an bhfeidhm stór luacha a chinn an Banc Ceannais Eorpach, ba cheart iad a bheith ceangailteach ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a dháileann an euro digiteach agus ba cheart iad a chur chun feidhme. Cé go bhféadfadh sé go mbeadh ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach amháin nó níos mó ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha leis an soláthraí | (39) Aon teorainn ar an bhfeidhm stór luacha a chinn an Banc Ceannais Eorpach, ba cheart iad a bheith ceangailteach ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a dháileann an Euro Digiteach agus ba cheart iad a chur chun feidhme. Cé go bhféadfadh ***tiachóga*** Euro Dhigitigh amháin nó níos mó a bheith ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha ag an soláthraí seirbhíse |

seirbhísí íocaíochta céanna nó ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta éagsúla, ba cheart iad a bheith faoi réir teorainn sealúchais aonair a fhéadfaidh úsáideoir den euro digiteach a leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta éagsúla. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an deis a thairiscint d'úsáideoirí den euro digiteach ***cuntas*** comhpháirteach ***íocaíochta*** sa euro digiteach a bheith acu go dlíthiúil. Sa chás sin, ba cheart aon teorainn sealúchais a chuirtear i bhfeidhm ar an gcomh***chuntas íocaíochta*** sa euro digiteach a bheith cothrom le suim theorainneacha sealúchais leithdháilte na n-úsáideoirí den euro digiteach. I gcás nach bhfuil ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach i seilbh ach ag aon úsáideoir den euro digiteach amháin go dlíthiúil, ach gur féidir le roinnt daoine rochtain a fháil air go teicniúil agus é a úsáid, ar shainordú de facto nó dlíthiúil arna thabhairt ag an úsáideoir den euro digiteach, ba cheart go leanfadh aon teorainn sealúchais a chuirtear i bhfeidhm ar an ***gcuntas íocaíochta*** sa euro digiteach de bheith cothrom leis an teorainn sealúchais a shainítear le haghaidh ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach atá i seilbh úsáideora aonair den euro digiteach, chun aon teacht timpeall ar na teorainneacha sealúchais a sheachaint.

íocaíochta céanna nó ag soláthraithe seirbhíse íocaíochta éagsúla, ba cheart dóibh a bheith faoi réir teorainn sealúchais aonair a fhéadfaidh úsáideoir an Euro Dhigitigh a leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta éagsúla. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an deis a thairiscint d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh ***chomhthiachóg*** Euro Dhigitigh a bheith acu go dlíthiúil. Sa chás sin, ba cheart aon teorainn sealúchais a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an ***gcomhthiachóg*** Euro Dhigitigh a bheith cothrom le suim theorainneacha sealúchais leithdháilte úsáideoirí an Euro Dhigitigh. I gcás nach bhfuil ***tiachóg*** Euro Dhigitigh i seilbh go dleathach ach ag aon úsáideoir amháin Euro Dhigitigh, ach gur féidir le roinnt daoine rochtain theicniúil a fháil uirthi agus í a úsáid, tar éis sainordú *de facto* nó sainordú dlíthiúil a bheith tugtha ag an úsáideoir Euro Dhigitigh, ba cheart aon teorainn coinneála a chuirtear i bhfeidhm ar ***thiachóg*** Euro Dhigitigh atá i seilbh úsáideora aonair Euro Dhigitigh, chun aon teacht timpeall ar na teorainneacha sealúchais a sheachaint.

Or. en

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Chun rochtain fhorleathan ar an euro digiteach agus úsáid an euro dhigitigh a áirithiú, i gcomhréir lena stádas mar dhlíthairiscint, agus chun tacú lena ról mar ancaire airgeadaíochta sa limistéar euro, | (40) Chun rochtain fhorleathan ar an Euro Digiteach agus a úsáid a áirithiú, i gcomhréir lena stádas mar dhlíthairiscint, agus chun tacú lena ról mar ancaire airgeadaíochta sa limistéar euro, níor |

níor cheart muirear a ghearradh ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro, ar dhaoine nádúrtha a d'oscail ***cuntas*** sa euro digiteach tráth a raibh cónaí orthu sa limistéar euro, ach nach bhfuil cónaí orthu ann a thuilleadh, ná ar chuairteoirí, as bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a úsáid. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon táille dhíreach a ghearradh ar úsáideoirí den euro digiteach den sórt sin as an rochtain bhunúsach atá acu ar an euro digiteach ná as úsáid bhunúsach an euro sin, lena n-áirítear gan táille idirbhirt a ghearradh orthu nó aon táille eile a bhaineann go díreach le soláthar seirbhísí a bhaineann le húsáid bhunúsach an euro dhigitigh. Níor cheart a cheangal ar úsáideoirí den euro digiteach cuntas íocaíochta euro ***neamhdhigiteach*** a bheith acu ná a oscailt ná glacadh le táirgí eile sa euro ***neamhdhigiteach***. I gcás ina gcomhaontaíonn úsáideoir an euro dhigitigh le pacáiste seirbhísí ina bhfuil seirbhísí sa euro ***neamhdhigiteach*** agus bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta a bheith in ann an pacáiste seirbhísí sin a mhuirearú dá rogha féin. Sa chás sin, níor cheart muirear difreáilte a bheith ann ar sheirbhísí sa euro ***neamhdhigiteach*** nuair a dhéantar iad a thairiscint ar leithligh nó mar chuid de phacáiste lena n-áirítear bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach. I gcás ina n-iarrann úsáideoir an euro dhigitigh gan ach bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a fháil le soláthraí seirbhísí íocaíochta, níor cheart na muirear a ghearradh ar na seirbhísí sin, lena n-áirítear as feidhmiúlachtaí cascáide agus aisiompaithe cascáide i gcás ina bhfuil cuntas íocaíochta sa euro ***neamhdhigiteach*** ag an úsáideoir den euro digiteach le soláthraí seirbhísí íocaíochta eile freisin. Níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann muirear a ghearradh ar úsáideoirí den euro digiteach as seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach breise sa bhreis ar na bunseirbhísí

cheart muirear a ghearradh ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro, ar dhaoine nádúrtha a d'oscail ***tiachóg*** Euro Dhigitigh tráth a bhí cónaí orthu sa limistéar euro, ach nach bhfuil cónaí orthu ann a thuilleadh, ná ar chuairteoirí, as bunseirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach a úsáid. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon táille dhíreach a ghearradh ar úsáideoirí sin an Euro Dhigitigh as an rochtain bhunúsach atá acu ar an Euro Digiteach ná as úsáid bhunúsach as, lena n-áirítear gan táille idirbhirt a ghearradh orthu nó aon táille eile a bhaineann go díreach le soláthar seirbhísí a bhaineann le húsáid bhunúsach an Euro Dhigitigh. Níor cheart a cheangal ar úsáideoirí den Euro Digiteach cuntas íocaíochta sa Euro ***neamh-Dhigiteach*** a bheith acu ná a oscailt ná glacadh le táirgí eile san euro ***neamh-Dhigiteach***. I gcás ina gcomhaontaíonn úsáideoir an Euro Dhigitigh le pacáiste seirbhísí ina bhfuil seirbhísí sa Euro ***neamh-Dhigiteach*** agus bunseirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta a bheith in ann an pacáiste seirbhísí sin a mhuirearú dá rogha féin. Sa chás sin, níor cheart muirear difreáilte a bheith ann ar sheirbhísí sa Euro ***neamh-Dhigiteach*** nuair a dhéantar iad a thairiscint ar leithligh nó mar chuid de phacáiste lena n-áirítear bunseirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach. I gcás ina n-iarrann úsáideoir an Euro Dhigitigh gan ach bunseirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach a fháil le soláthraí seirbhísí íocaíochta, níor cheart na muirear a ghearradh ar na seirbhísí sin, lena n-áirítear as feidhmiúlachtaí cascáide agus aisiompaithe cascáide i gcás ina bhfuil cuntas íocaíochta sa Euro ***neamh-Dhigiteach*** ag an úsáideoir den Euro Digiteach le soláthraí seirbhísí íocaíochta eile freisin. Níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann muirear a ghearradh ar úsáideoirí an Euro Dhigitigh as seirbhísí íocaíochta san Euro Digiteach de bhreis ar na bunseirbhísí íocaíochta san

| | |
|---|---|
| íocaíochta sa euro digiteach. | Euro Digiteach. |

Or. en

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ós rud é gur cineál den airgeadra aonair é an euro digiteach a bhfuil dlíthairiscint aige, níor cheart idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a bheith faoi réir táillí iomarcacha ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Go sonrach, trí dlíthairiscint a dheonú ar an euro digiteach, agus atoradh ar ghlacadh sainordaitheach, ní bheadh aon rogha ag ceannaithe ach glacadh le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach. Ina theannta sin, laghdaíonn aon mhuirear nó táille in aghaidh an idirbhirt nó na tréimhse, go díreach nó go hindíreach, aghaidhluach na n-íocaíochtaí a fhaightear, ar cuid riachtanach den dlíthairiscint é. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh bonn cirt oibiachtúil le táille nó muirear, mar shrian ar aghaidhluach an euro dhigitigh, agus go mbeadh sé comhréireach leis an gcuspóir maidir le húsáid éifeachtach an euro dhigitigh mar mhodh íocaíochta dlíthairgthe a áirithiú. | (42) Ós rud é gur cineál den airgeadra aonair é an Euro Digiteach a bhfuil dlíthairiscint aige, níor cheart idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach a bheith faoi réir táillí iomarcacha ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Go sonrach, trí dlíthairiscint a dheonú ar an Euro Digiteach, agus atoradh ar ghlacadh sainordaitheach, ní bheadh aon rogha ag ceannaithe ach glacadh le hidirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach. Ina theannta sin, laghdaíonn aon mhuirear nó táille in aghaidh an idirbhirt nó na tréimhse, go díreach nó go hindíreach, aghaidhluach na n-íocaíochtaí a fhaightear, ar cuid riachtanach den dlíthairiscint é. Tá sé bunriachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh bonn cirt oibiachtúil le táille nó muirear, mar shrian ar aghaidhluach an Euro Dhigitigh, agus go mbeadh sé comhréireach leis an gcuspóir ***iomaíocht idir modhanna íocaíochta agus*** úsáid éifeachtach an Euro Dhigitigh mar mhodh íocaíochta dlíthairgthe a áirithiú. |

Or. en

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Chun a áirithiú go mbeidh táillí agus muirir aonfhoirmeach ar fud an limistéir euro agus go mbeidh siad comhréireach, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar a leibhéal agus, ar an mbonn sin, na méideanna comhfhreagracha a fhoilsiú mar aon le tuarascáil mhíniúcháin. Ba cheart go gceadófaí saoriomaíocht ***idir idirghabhálaithe atá faoi bhun an leibhéil sin*** le ***táille uasta nó le muirear uasta***. Ba cheart ***táillí nó muirir*** a dhíriú ar na costais ábhartha arna dtabhú ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta chun seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar ***i ndáil le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach, ar gnéithe oibiachtúla iad, agus féadfaidh*** corrlach réasúnach brabúis ***a bheith san áireamh leo***. Chun na críche sin, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach úsáid a bhaint as meastachán ar an meánchostas ionadaíoch arna thabhú ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar fud an limistéir euro agus, dá bhrí sin, ba cheart dó a bheith in ann sonraí ábhartha a bhailiú ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta. Ba cheart na costais ábhartha a bhaineann le seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar i ndáil le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a bhunú ar na costais arna dtabhú ag grúpa ionadaíoch de na soláthraithe seirbhísí íocaíochta is éifeachtúla in aon bhliain ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit a bheith freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta na huastáillí nó na muirir uasta sin. | (43) Chun a áirithiú go mbeidh táillí agus muirir aonfhoirmeach ar fud an limistéir euro agus go mbeidh siad comhréireach, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar a leibhéal agus, ar an mbonn sin, na méideanna comhfhreagracha a fhoilsiú mar aon le tuarascáil mhíniúcháin. ***Le táillí nó muirir***, ba cheart go gceadófaí saoriomaíocht agus níor cheart go mbeadh táillí idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta níos airde ná ***an méid is airde idir méid*** na gcostas ábhartha ***uile*** arna dtabhú ag soláthraithe seirbhíse íocaíochta as seirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach a sholáthar ***lena n-áirítear*** corrlach réasúnta brabúis, ***agus táillí nó muirir arna n-iarraidh le haghaidh modhanna íocaíochta digiteacha inchomparáide***. Chun na críche sin, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach úsáid a bhaint as meastachán ar an meánchostas ionadaíoch arna thabhú ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar fud an limistéir euro agus, dá bhrí sin, ba cheart dó a bheith in ann sonraí ábhartha a bhailiú ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta. Ba cheart na costais ábhartha a bhaineann le seirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach a sholáthar i ndáil le hidirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach a bhunú ar na costais arna dtabhú ag grúpa ionadaíoch de na soláthraithe seirbhísí íocaíochta is éifeachtúla in aon bhliain ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit a bheith freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta na huastáillí nó na muirir uasta sin. |

Or. en

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Ós rud é nach mbeadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a dháileann an euro digiteach in ann táillí a ghearradh ar dhaoine nádúrtha as bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach, d'fhéadfadh sé go mbeadh táille idir sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ag teastáil chun cúiteamh a sholáthar do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta sin as na costais dáileacháin. Ba cheart go soláthrófaí leis an táille idir-soláthraithe seirbhísí íocaíochta cúiteamh leordhóthanach as costais dáileacháin na soláthraithe seirbhísí íocaíochta dáilte agus fála araon, lena n-áirítear corrlach réasúnach brabúis. | (45) Ós rud é nach mbeadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a dháileann an euro digiteach in ann táillí a ghearradh ar dhaoine nádúrtha as bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach, d'fhéadfadh sé go mbeadh táille idir sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ag teastáil chun cúiteamh a sholáthar do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta sin as na costais dáileacháin ***agus cur chun feidhme***. Ba cheart go soláthrófaí leis an táille idir-soláthraithe seirbhísí íocaíochta cúiteamh leordhóthanach as costais dáileacháin ***agus cur chun feidhme*** na soláthraithe seirbhísí íocaíochta dáilte agus fála araon, lena n-áirítear corrlach réasúnach brabúis. |

Or. en

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Le dearadh teicniúil an euro dhigitigh, ba cheart go mbeadh sé inrochtana go forleathan ag an bpobal i gcoitinne agus inúsáidte aige. Ba cheart don dearadh sin, go háirithe, tacú le rochtain ar dhaoine atá eisiata ó thaobh airgeadais de nó ar dhaoine atá i mbaol eisiaimh airgeadais, ar dhaoine faoi mhíchumas trína áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] (an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht), ar dhaoine a bhfuil | (54) Le dearadh teicniúil an Euro Dhigitigh, ba cheart go mbeadh sé inrochtana go forleathan ag an bpobal i gcoitinne agus inúsáidte aige. Ba cheart don dearadh sin, go háirithe, tacú le rochtain ar dhaoine atá eisiata ó thaobh airgeadais de nó ar dhaoine atá i mbaol eisiaimh airgeadais, ar dhaoine faoi mhíchumas trína áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] (an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht), ar dhaoine a bhfuil |

| | |
|---|---|
| teorainneacha feidhme acu agus a bhainfeadh tairbhe freisin as inrochtaineacht, nó daoine a bhfuil scileanna digiteacha teoranta acu agus daoine scothaosta. Chun na críche sin, ba cheart gnéithe úsáide a bheith ag an euro digiteach atá simplí agus éasca le láimhseáil, agus ba cheart go mbeadh rochtain leordhóthanach air trí raon leathan gaireas crua-earraí chun freastal ar riachtanais grúpaí éagsúla den daonra. Ina theannta sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach, beag beann ar na húsáideoirí sin a bhfuil cuntais íocaíochta sa euro ***neamhdhigiteach*** acu. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag na húsáideoirí sin ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach a bheith acu le soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá éagsúil leis na cinn a bhfuil cuntais íocaíochta sa euro ***neamhdhigiteach*** acu leo. | teorainneacha feidhme acu agus a bhainfeadh tairbhe freisin as inrochtaineacht, nó daoine a bhfuil scileanna digiteacha teoranta acu agus daoine scothaosta. Chun na críche sin, ba cheart gnéithe úsáide a bheith ag an Euro Digiteach atá simplí agus éasca le láimhseáil, agus ba cheart go mbeadh rochtain leordhóthanach air trí raon leathan gaireas crua-earraí chun freastal ar riachtanais grúpaí éagsúla den daonra. Ina theannta sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta seirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach a sholáthar d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh, gan beann ar na húsáideoirí sin a bhfuil cuntais íocaíochta sa Euro ***neamh-Dhigiteach*** acu. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag na húsáideoirí sin ***tiachóga*** Euro Dhigitigh a bheith acu le soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá éagsúil leo sin lena bhfuil cuntais íocaíochta ***neamh-Dhigiteacha*** Euro acu. |
| [32] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). | [32] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). |

Or. en

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) Ba cheart don euro digiteach tacú le clársceidealú idirbheart íocaíochta coinníollach sa euro digiteach ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Níor cheart, áfach, gur 'airgead in-ríomhchláraithe' é an euro digiteach, rud a | (55) Ba cheart don Euro Digiteach tacú le clársceidealú idirbheart íocaíochta coinníollach sa Euro Digiteach ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Níor cheart, áfach, gur 'airgead in-ríomhchláraithe' é an Euro Digiteach, rud a |

chiallaíonn aonaid nach féidir a úsáid, mar gheall ar choinníollacha caiteachais a shainítear go dlúth, ach amháin chun cineálacha sonracha earraí nó seirbhísí a cheannach, nó atá faoi réir teorainneacha ama nach féidir iad a úsáid ina ndiaidh a thuilleadh. Is éard atá in idirbhearta íocaíochta coinníollacha íocaíochtaí a spreagtar go huathoibríoch le bogearraí bunaithe ar choinníollacha réamhshainithe comhaontaithe. Níor cheart go mbeadh úsáid an euro dhigitigh mar airgead in-ríomhchláraithe ina cuspóir nó ina héifeacht ag íocaíochtaí coinníollacha. D'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta cineálacha éagsúla loighce a fhorbairt chun raon idirbheart íocaíochta coinníollach a thairiscint d'úsáideoirí den euro digiteach, lena n-áirítear idirbhearta íocaíochta uathoibrithe chun euro digiteach a chur síos nó a tharraingt siar, buanorduithe íocaíochta a spreagann íocaíochtaí uathoibríocha de mhéid sonrach ar dháta sonrach***, agus*** íocaíochtaí idir meaisíní ***i gcás ina gcláraítear na meaisíní sin*** chun íocaíochtaí a ***spreagadh*** go huathoibríoch as a bpáirteanna spártha féin ar iad a ordú, chun leictreachas a mhuirearú agus a íoc ar na coinníollacha margaidh is fabhraí, chun árachas a íoc, agus maidir le táillí léasaithe agus cothabhála ar bhonn úsáide.

chiallaíonn aonaid nach féidir a úsáid, mar gheall ar choinníollacha caiteachais a shainítear go dlúth, ach amháin chun cineálacha sonracha earraí nó seirbhísí a cheannach, nó atá faoi réir teorainneacha ama nach féidir iad a úsáid ina ndiaidh a thuilleadh. Is éard atá in idirbhearta íocaíochta coinníollacha íocaíochtaí a spreagtar go huathoibríoch le bogearraí bunaithe ar choinníollacha réamhshainithe comhaontaithe. Níor cheart go mbeadh úsáid an Euro Dhigitigh mar airgead in-ríomhchláraithe ina cuspóir nó ina héifeacht ag íocaíochtaí coinníollacha. ***Is féidir an fheidhmiúlacht chéanna a bhaint amach le caighdeáin agus comhéadain oscailte ionas go gcruthófaí íocaíochtaí coinníollacha nó foirmeacha idirbheart ionstraimithe eile sa tsraith thuas.*** D'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta ***agus soláthraithe seirbhíse eile*** cineálacha éagsúla loighce a fhorbairt chun raon idirbheart íocaíochta coinníollach a thairiscint d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh, lena n-áirítear idirbhearta íocaíochta uathoibrithe chun Euro Digiteach a chur síos nó a tharraingt siar, buanorduithe íocaíochta a spreagann íocaíochtaí uathoibríocha de mhéid sonrach ar dháta sonrach***. Is éard atá in íocaíochtaí coinníollacha aon íocaíocht a spreagtar nuair a chomhlíontar coinníoll a léirítear go digiteach. Áirítear le*** híocaíochtaí idir meaisíní***, ach gan bheith teoranta dóibh, íocaíochtaí a spreagtar go huathoibríoch as*** a bpáirteanna spártha féin ar iad a ordú, chun leictreachas a mhuirearú agus a íoc ar na coinníollacha margaidh is fabhraí, chun árachas a íoc, agus maidir le táillí léasaithe agus cothabhála ar bhonn úsáide.

Or. en

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 56**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (56) Chun úsáid an euro dhigitigh agus soláthar seirbhísí nuálacha a éascú, ba cheart don Eurochóras tacú le soláthar idirbheart íocaíochta coinníollach sa euro digiteach. Ar an gcéad dul síos, d’fhéadfaí tacaíocht a thabhairt do chineálacha áirithe seirbhísí íocaíochta coinníollacha trí bhearta, rialacha agus caighdeáin mhionsonraithe a d’fhéadfadh cabhrú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta iarratais idir-inoibritheacha a fhorbairt agus a oibriú a fhorghníomhódh loighic choinníollach. D’fhéadfaí a áireamh leis sin sraith uirlisí teicniúla amhail comhéadain feidhmchláir. Ar an dara dul síos, d’fhéadfadh an tEurochóras feidhmiúlachtaí breise a chur ar fáil i mbonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh, ar feidhmiúlachtaí iad atá riachtanach chun seirbhísí íocaíochta coinníollacha a sholáthar d’úsáideoirí den euro digiteach. D’fhéadfadh sé sin forchoimeádas cistí sa bhonneagar ***socraíochta*** a éascú chun roinnt íocaíochtaí coinníollacha a chur i gcrích amach anseo. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an loighic ghnó le haghaidh idirbhearta íocaíochta coinníollacha sa euro digiteach a oiriúnú i gcomhréir leis na caighdeáin agus na comhéadain feidhmchláir a fhéadfaidh an tEurochóras a ghlacadh chun idirbhearta den sórt sin a éascú. | (56) Chun úsáid an Euro Dhigitigh agus soláthar seirbhísí nuálacha a éascú, ba cheart don Eurochóras tacú le soláthar idirbheart íocaíochta coinníollach sa Euro Digiteach. Ar an gcéad dul síos, d’fhéadfaí tacaíocht a thabhairt do chineálacha áirithe seirbhísí íocaíochta coinníollacha trí bhearta, rialacha agus caighdeáin mhionsonraithe a d’fhéadfadh cabhrú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta iarratais idir-inoibritheacha a fhorbairt agus a oibriú a fhorghníomhódh loighic choinníollach. D’fhéadfaí a áireamh leis sin sraith uirlisí teicniúla amhail comhéadain feidhmchláir. Ar an dara dul síos, ***féadfar íocaíochtaí coinníollacha in Euro Digiteach a dhéanamh ar mhórleabhair dáilte gan chead i gcás nach bhfuil, go dtí seo, ach sócmhainní arna n-eisiúint go príobháideach, amhail criptea-shócmhainní nó monaí cobhsaí, ar fáil mar mhodh íocaíochta. Leis an bhformheas agus na coinníollacha arna leagan síos ag an mBanc Ceannais Eorpach, chuirfí an Euro Digiteach ar fáil mar chomhartha dá ndéanfaí tagairt ar na slabhraí sin. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh. Ar an tríú dul síos,*** d’fhéadfadh an tEurochóras feidhmiúlachtaí breise a chur ar fáil i mbonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh, ar feidhmiúlachtaí iad atá riachtanach chun seirbhísí íocaíochta coinníollacha a sholáthar d’úsáideoirí den euro digiteach. D’fhéadfadh sé sin forchoimeádas cistí sa bhonneagar ***aistrithe*** a éascú chun roinnt íocaíochtaí coinníollacha a chur i gcrích amach anseo. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an loighic ghnó le haghaidh idirbhearta íocaíochta coinníollacha sa Euro Digiteach a oiriúnú i gcomhréir leis na caighdeáin agus na comhéadain feidhmchláir a fhéadfaidh an tEurochóras a ghlacadh chun idirbhearta den sórt sin a éascú. |

Or. en

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Ba cheart d'úsáideoirí a bheith in ann, más mian leo, íocaíochtaí leis an euro digiteach a chur ar bord agus a údarú trí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáid a bheith ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta glacadh le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun céannachtaí custaiméirí ionchasacha agus aitheantais custaiméirí atá ann cheana a fhíorú, i gcomhréir le Rialachán (AE) [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh Rialachán maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac— COM/2021/421 final). Chun oscailt ***cuntas*** sa euro digiteach ar fud an Aontais a éascú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann brath freisin ar fhianuithe cáilithe arna soláthar ag Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, lena n-áirítear le haghaidh cianfheidhmíocht díchill chuí do chustaiméirí. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí freisin más mian leis an íocóir an tiachóg a úsáid chun idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a údarú. Ina theannta sin, chun íocaíochtaí gan tadhall as líne in euro digiteach a éascú, ba cheart go bhféadfaí Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a úsáid chun euro digiteach a stóráil sa ghaireas íocaíochta. | (58) Ba cheart d'úsáideoirí a bheith in ann, más mian leo, íocaíochtaí leis an Euro Digiteach a chur ar bord agus a údarú trí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáid a bheith ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta glacadh le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun céannachtaí custaiméirí ionchasacha agus aitheantais custaiméirí atá ann cheana a fhíorú, i gcomhréir le Rialachán (AE) [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh Rialachán maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac— COM/2021/421 final). Chun oscailt ***tiachóg*** Euro Dhigitigh ar fud an Aontais a éascú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann brath freisin ar fhianuithe cáilithe arna soláthar ag Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, lena n-áirítear le haghaidh cianfheidhmíocht díchill chuí do chustaiméirí. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí freisin más mian leis an íocóir an tiachóg a úsáid chun idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach a údarú. Ina theannta sin, chun íocaíochtaí gan tadhall as líne in Euro Digiteach a éascú, ba cheart go bhféadfaí Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a úsáid chun Euro Digiteach a stóráil sa ghaireas íocaíochta. |

Or. en

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Chun eispéireas úsáideoirí úsáideora comhchuibhithe a éascú, leis na rialacha, na caighdeáin ***agus na próisis*** maidir leis an euro digiteach a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh de bhun a inniúlachtaí féin, ba cheart a áirithiú go mbeidh aon úsáideoir den euro digiteach ***in ann*** idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a dhéanamh le haon úsáideoirí den euro digiteach eile ar fud an limistéir euro gan beann ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta lena mbaineann agus ar na seirbhísí tosaigh a úsáidtear. Chun ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola na hEorpa a laghdú, agus chun tacú le hiomaíocht, le héifeachtúlacht agus le nuálaíocht sa mhargadh sin, agus le hionstraimí íocaíochta a fhorbairt ar fud an Aontais i gcomhréir le cuspóir straitéis an Choimisiúin maidir le híocaíochtaí miondíola, ba cheart an euro digiteach ***a bheith comhoiriúnach, a mhéid is féidir***, le réitigh íocaíochta dhigiteacha phríobháideacha, ag cur le sineirgí feidhmiúla agus teicniúla. Go háirithe, ***ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach féachaint lena áirithiú go bhfuil*** an euro digiteach comhoiriúnach le réitigh íocaíochta dhigiteacha phríobháideacha ag an bpointe idirghníomhaíochta, agus le híocaíochtaí duine le duine, áit a bhfuil ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola an Aontais mór faoi láthair. D’fhéadfaí tacú leis an gcomhoiriúnacht sin trí chaighdeáin oscailte, rialacha comhchoiteanna agus próisis chomhchoiteanna, agus b’fhéidir trí bhonneagair chomhroinnte, a úsáid. Cé go bhféadfar réitigh atá ann cheana a ghiaráil i gcás ina meastar go bhfuil na réitigh sin iomchuí chun comhoiriúnacht a áirithiú, go háirithe d’fhonn costais fhoriomlána oiriúnaithe a íoslaghdú, leis na réitigh sin | (59) Chun eispéireas úsáideora comhchuibhithe a éascú, leis an Euro Digiteach***, gnéithe dearaidh,*** rialacha ***agus*** caighdeáin a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh de bhun a inniúlachtaí féin, ba cheart a áirithiú go gcuirfidh ***soláthraithe seirbhíse íocaíochta incháilithe ar chumas*** aon úsáideora an Euro Dhigitigh idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach a dhéanamh le haon úsáideoirí eile an Euro Dhigitigh ar fud an limistéir euro gan beann ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta lena mbaineann agus ar na seirbhísí tosaigh a úsáidtear***. Mar réamhshocrú, ba cheart do BCE a chur ar chumas soláthraithe seirbhíse íocaíochta incháilithe a réiteach íocaíochta féin a thairiscint dá gcuid úsáideoirí an Euro Dhigitigh. Ba cheart do thosach BCE feidhmiú mar réiteach cúltaca do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta nach bhfuil in ann tosach dílsithe a thairiscint***. Chun ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola na hEorpa a laghdú, agus chun tacú le hiomaíocht, le héifeachtúlacht agus le nuálaíocht sa mhargadh sin, agus chun ionstraimí íocaíochta a fhorbairt ar fud an Aontais i gcomhréir le cuspóir straitéis íocaíochta miondíola an Choimisiúin, ba cheart go mbeadh ***soláthraithe seirbhíse íocaíochta incháilithe in ann bonneagar Euro Dhigitigh an Bhainc Cheannais Eorpaigh a rochtain gan uaim chun an Euro Digiteach a chomhtháthú i*** réitigh íocaíochta digití príobháidí, ag cur le sineirgí feidhmiúla agus teicniúla. Go háirithe, ***ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta incháilithe a dháileann an Euro Digiteach a áirithiú go bhfuil réiteach íocaíochta amháin ar a laghad sa Euro Digiteach a sholáthraíonn siad*** comhoiriúnach le réitigh íocaíochta |

atá ann cheana níor cheart go gcruthófaí spleáchais mhíchuí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an euro digiteach a oiriúnú do theicneolaíochtaí nua nó a bheadh ar neamhréir leis na gnéithe digiteacha euro. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus gan aon cheart in-fhorfheidhmithe a thabhairt d'oibreoirí margaidh, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach ***féachaint lena*** áirithiú go bhfuil an euro digiteach comhoiriúnach le réitigh íocaíochta dhigiteacha phríobháideacha ***ar bhonn iarrachta agus i gcás ina meastar gurb iomchuí sin***.

digití príobháidí ar ***fud an limistéir euro*** ag an bpointe idirghníomhaíochta, agus i gcás íocaíochtaí duine le duine, ar cásanna iad ina bhfuil ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola an Aontais mór faoi láthair. D'fhéadfaí tacú leis an gcomhoiriúnacht sin trí chaighdeáin oscailte, rialacha comhchoiteanna agus próisis chomhchoiteanna, agus b'fhéidir trí bhonneagair chomhroinnte, a úsáid. Cé go bhféadfar réitigh atá ann cheana a ghiaráil i gcás ina meastar go bhfuil na réitigh sin iomchuí chun comhoiriúnacht a áirithiú, go háirithe d'fhonn costais fhoriomlána oiriúnaithe a íoslaghdú, leis na réitigh sin atá ann cheana, níor cheart go gcruthófaí spleáchais mhíchuí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an Euro Digiteach a oiriúnú do theicneolaíochtaí nua nó a bheadh ar neamhréir le gnéithe an Euro Dhigitigh. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus gan aon chearta in-fhorfheidhmithe a thabhairt d'oibreoirí margaidh, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach a áirithiú go bhfuil an Euro Digiteach comhoiriúnach le réitigh íocaíochta digití príobháidí.

Or. en

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59a) Chun rochtain rianúil ar bhonneagar Euro Dhigitigh BCE a éascú, ba cheart a shonraíochtaí teicniúla a dhoiciméadú go leormhaith, agus ba cheart do BCE achoimre a chur ar fáil. Chun a chur ar chumas soláthraithe seirbhísí íocaíochta an Euro Dhigitigh a rochtain a ullmhú go leormhaith agus aon fhadhbanna teicniúla féideartha a réiteach, ba cheart do BCE a chur ar chumas soláthraithe seirbhíse íocaíochta*** |

| | |
|---|---|
| | ***incháilithe tástáil a dhéanamh ar an rochtain ar bhonneagar an Euro Dhigitigh roimh an dáta a sheolfar an Euro Digiteach. Chun idir-inoibritheacht na réiteach teicneolaíochta éagsúil a áirithiú, ba cheart do chomhéadan rochtana BCE úsáid a bhaint as caighdeáin chumarsáide a fhorbraíonn eagraíochtaí idirnáisiúnta nó Eorpacha um chaighdeánú lena n-áirítear an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) nó an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO).*** |

Or. en

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (61) Chun rochtain a fháil ar an euro digiteach agus chun é a úsáid mar chuid de sheirbhísí íocaíochta sa euro digiteach, ba cheart seirbhísí tosaigh a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach. Ba cheart an deis a bheith ag na húsáideoirí sin rochtain a fháil ar sheirbhísí íocaíochta sa euro digiteach agus iad a úsáid trí na seirbhísí tosaigh arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus ag an mBanc Ceannais Eorpach. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann brath ar sheirbhísí tosaigh arna soláthar ag páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach, go háirithe i gcás ina bhfuil an costas a bhaineann le seirbhísí tosaigh a fhorbairt agus a oibriú, lena n-áirítear feidhmchláir, díréireach. ***I gcás inar féidir le húsáideoirí den euro digiteach rogha a dhéanamh idir seirbhísí tosaigh éagsúla, ba cheart an cinneadh maidir le seirbhís tosaigh ar leith a roghnú a bheith faoi láimh na n-úsáideoirí sin ar deireadh agus níor*** | (61) Chun rochtain a fháil ar an Euro Digiteach agus chun é a úsáid mar chuid de sheirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach, ba cheart seirbhísí tosaigh a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach. Ba cheart an deis a bheith ag na húsáideoirí sin rochtain a fháil ar sheirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach agus iad a úsáid trí na seirbhísí tosaigh arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus ag an mBanc Ceannais Eorpach. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann brath ar sheirbhísí tosaigh arna soláthar ag páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach, go háirithe i gcás ina bhfuil an costas a bhaineann le seirbhísí tosaigh a fhorbairt agus a oibriú, lena n-áirítear feidhmchláir, díréireach. I ndáil leis sin, ba cheart ***an rogha*** a bheith ag soláthraithe seirbhíse íocaíochta seirbhísí ***tosaigh arna bhforbairt ag soláthraithe seirbhíse íocaíochta nó*** seirbhísí tosaigh ***arna bhforbairt*** ag an mBanc Ceannais Eorpach |

***cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ná don Bhanc Ceannais Eorpach é a fhorchur.*** I ndáil leis sin, ba cheart é a bheith ***d'acmhainn*** ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta ***an deis a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a rochtain agus a úsáid trí na*** seirbhísí tosaigh arna ***soláthar*** ag an mBanc Ceannais Eorpach. Cuirfidh an Banc Ceannais Eorpach agus na soláthraithe seirbhísí íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais chun a áirithiú nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpaigh rochtain a fháil ar chéannacht úsáideoirí aonair den euro digiteach trína réiteach tosaigh.

a úsáid. Cuirfidh an Banc Ceannais Eorpach agus na soláthraithe seirbhísí íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais chun a áirithiú nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpaigh rochtain a fháil ar chéannacht úsáideoirí aonair den Euro Digiteach trína réiteach tosaigh.

Or. en

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (63) Chun eispéireas úsáideora réidh a chumasú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí tosaigh d'úsáideoirí den euro digiteach chun an euro digiteach a rochtain agus a úsáid a bheith cúramach gur féidir le húsáideoirí den euro digiteach rochtain a fháil ar an euro digiteach agus é a úsáid go tapa agus go héasca. Go háirithe, ba cheart ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach a lipéadú go soiléir trí úsáid a bhaint as lógó oifigiúil an euro dhigitigh. Ba cheart rochtain a fháil ar chuntais íocaíochta sa euro digiteach trí leathanach amháin de shuíomh gréasáin an idirlín nó trí fheidhmchlár, nó trí aon seirbhís tosaigh eile, ar bhonn cothrom le cuntais íocaíochta | (63) Chun eispéireas úsáideora réidh a chumasú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí tosaigh d'úsáideoirí den Euro Digiteach chun an euro digiteach a rochtain agus a úsáid a bheith cúramach gur féidir le húsáideoirí an Euro Dhigitigh rochtain a fháil ar an Euro Digiteach agus é a úsáid go tapa agus go héasca. Go háirithe, ba cheart ***tíochóga*** Euro Dhigitigh a lipéadú go soiléir trí úsáid a bhaint as lógó oifigiúil an Euro Dhigitigh. Ba cheart rochtain a fháil ar ***thíochóga*** Euro Dhigitigh trí leathanach amháin de shuíomh gréasáin an idirlín nó trí fheidhmchlár, nó trí aon seirbhís tosaigh eile, ar bhonn cothrom le cuntais íocaíochta sa euro ***neamh-Dhigiteach***. |

sa euro ***neamhdhigiteach***.

Or. en

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (64) Chun foráil a dhéanamh maidir le socraíocht mheandarach, idirbhearta sa euro digiteach ar líne agus as líne araon, lena n-áirítear i gcomhthéacs maoinithe agus díchistithe, agus mar chascáid agus feidhmiúlachtaí aisiompaithe cascáide, ba cheart iad a shocrú láithreach, i gcúpla soicind, i ngnáthchúinsí. Ba cheart socraíocht maidir le hidirbheart íocaíochta sa euro digiteach ar líne a dhéanamh i mbonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh arna ghlacadh ag an Eurochóras. Ba cheart idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne a shocrú laistigh de cúpla soicind mar a shonraítear faoi na ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla arna nglacadh ag an mBanc Ceannais Eorpach. Ba cheart socraíocht chríochnaitheach ar idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne a bhaint amach tráth a thaifeadtar an euro digiteach lena mbaineann an t-íocóir agus an t-íocaí i mbonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh arna fhormheas ag an mBanc Ceannais Eorpach, gan beann ar an euro digiteach a thaifeadadh mar iarmhéideanna sealúchais nó mar aonaid luacha, nó ar an teicneolaíocht a úsáidtear. Ba cheart go bhféachfadh bonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh le hoiriúnú do theicneolaíochtaí nua a áirithiú, lena n-áirítear teicneolaíocht mórleabhar dáilte. | (64) Chun foráil a dhéanamh maidir le socraíocht mheandarach, idirbhearta sa Euro Digiteach ar líne agus as líne araon, lena n-áirítear i gcomhthéacs maoinithe agus díchistithe, agus mar chascáid agus feidhmiúlachtaí aisiompaithe cascáide, ba cheart iad a shocrú láithreach, i gcúpla soicind, i ngnáthchúinsí. Ba cheart socraíocht idirbheart íocaíochta sa Euro Digiteach ar líne a dhéanamh i mbonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh arna ghlacadh ag an Eurochóras. Ba cheart idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach ar líne a shocrú laistigh de chúpla soicind mar a shonraítear faoi na ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla arna nglacadh ag an mBanc Ceannais Eorpach. Ba cheart socraíocht chríochnaitheach ar idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach ar líne a bhaint amach tráth a thaifeadtar an Euro Digiteach lena mbaineann an t-íocóir agus an t-íocaí i mbonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh arna fhormheas ag an mBanc Ceannais Eorpach, gan beann ar an Euro Digiteach a thaifeadadh mar iarmhéideanna sealúchais nó mar aonaid luacha, nó ar an teicneolaíocht a úsáidtear. Ba cheart go bhféachfadh bonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh le hoiriúnú do theicneolaíochtaí nua a áirithiú, lena n-áirítear teicneolaíocht mórleabhar dáilte. |

Or. en

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) Ar chúiseanna a bhaineann le saoirse chonarthach agus chun iomaíocht a áirithiú, ba cheart an deis a bheith ag úsáideoirí den euro digiteach a ***gcuntais íocaíochta*** sa euro digiteach a aistriú chuig soláthraithe seirbhísí íocaíochta éagsúla. Arna iarraidh sin d'úsáideoirí an euro dhigitigh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a chumasú ansin na ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach a mhalartú, agus na haitheantóirí ***cuntais*** céanna á gcoinneáil acu ag an am céanna. In imthosca eisceachtúla nuair nach bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta in ann an cúram sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear de dheasca na sonraí ábhartha ***a bhaineann le cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach a bheith caillte aige, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach a bheith in ann malartú ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach a údarú ionas gur féidir leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta nua arna ainmniú ag an úsáideoir den euro digiteach an fhaisnéis faoi shealúchais sa euro digiteach an úsáideora den euro digiteach a aisghabháil agus an t-athrú a chur i gcrích gan brath ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta nach bhfuil ar fáil. Leis an bpróiseas sin, ba cheart an t-úsáideoir den euro digiteach a bheith in ann leanúint de rochtain a fháil ar a shealúchais sa euro digiteach tríd an soláthraí seirbhíse íocaíochta ainmnithe nua. Ní bheadh aon ról oibríochtúil ag an mBanc Ceannais Eorpach sa mhalartú ***ar chuntas i gcásanna gnóthais leantaigh agus in imthosca eisceachtúla araon***. | (67) Ar chúiseanna a bhaineann le saoirse chonarthach agus chun iomaíocht a áirithiú, ba cheart an deis a bheith ag úsáideoirí den Euro Digiteach a ***dtiachóga*** Euro Dhigitigh a aistriú chuig soláthraithe seirbhísí íocaíochta éagsúla. Arna iarraidh sin d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a chumasú ansin na ***tiachóga*** Euro Dhigitigh a mhalartú, agus na haitheantóirí ***tiachóige*** céanna á gcoinneáil acu ag an am céanna. In imthosca eisceachtúla nuair nach bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta in ann an cúram sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear de dheasca na sonraí ábhartha ***a bhaineann le tiachóg*** Euro Dhigitigh digiteach a bheith caillte aige, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach a bheith in ann malartú ***tiachóg*** Euro Dhigitigh a údarú ionas gur féidir leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta nua arna ainmniú ag úsáideoir an Euro Digiteach an fhaisnéis faoi shealúchais sa Euro Digiteach úsáideoir an Euro Dhigitigh a aisghabháil agus an t-athrú a chur i gcrích gan brath ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta nach bhfuil ar fáil. Leis an bpróiseas sin, ba cheart úsáideoir an Euro Dhigitigh a bheith in ann leanúint de rochtain a fháil ar a shealúchais sa Euro Digiteach tríd an soláthraí seirbhíse íocaíochta ainmnithe nua. Ní bheadh aon ról oibríochtúil ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir le ***tiachóga*** a mhalartú. |

Or. en

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 74**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (74) Aon phróiseáil sonraí pearsanta chun a fhíorú an daoine liostaithe nó eintitis liostaithe iad úsáideoirí de bhun bearta sriantacha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE, ba cheart í a bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tá próiseáil ainmneacha agus aitheantóirí ***cuntas íocaíochta*** daoine nádúrtha comhréireach agus riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta sriantacha a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE lena ndéantar foráil do reo sócmhainní nó toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil. | (74) Aon phróiseáil sonraí pearsanta chun a fhíorú an daoine liostaithe nó eintitis liostaithe iad úsáideoirí de bhun bearta sriantacha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE, ba cheart í a bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tá próiseáil ainmneacha agus aitheantóirí ***tiachóige*** daoine nádúrtha comhréireach agus riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta sriantacha a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE lena ndéantar foráil do reo sócmhainní nó toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil. |

Or. en

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 75**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (75) Is éard atá in idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne íocaíochtaí a tharlaíonn i ndlúthghaireacht fhisiceach (‘duine le duine’). Tá cosúlachtaí idir iad agus idirbhearta airgid thirim agus ba cheart déileáil leo ar an mbealach céanna ó thaobh príobháideachais de. Dá bhrí sin, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a bhaineann le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne a phróiseáil, ach níor cheart dóibh ach sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaineann le euro digiteach a thaisceadh nó a aistarraingt ó ***chuntais íocaíochta*** sa euro digiteach chun iad a luchtú ar na gairis | (75) Is éard atá in idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach as líne íocaíochtaí a tharlaíonn i ndlúthghaireacht fhisiceach (‘duine le duine’). Tá cosúlachtaí idir iad agus idirbhearta airgid thirim agus ba cheart déileáil leo ar an mbealach céanna ó thaobh príobháideachais de. Dá bhrí sin, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a bhaineann le hidirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach as líne a phróiseáil, ach níor cheart dóibh ach sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaineann le Euro Digiteach a thaisceadh nó a aistarraingt ó ***thiachóga*** Euro Dhigitigh chun iad a luchtú ar na gairis |

stórála áitiúla, nó ó na gairis stórála áitiúla isteach sna ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach. Áirítear leis sin aitheantóir na ngaireas stórála áitiúil a shannann soláthraithe seirbhísí íocaíochta d'úsáideoir den euro digiteach a shealbhaíonn an euro digiteach as líne. Ba cheart an leibhéal príobháideachais sin a bheith inchomparáide le haistarraingtí nótaí bainc ag uathmheaisíní bainc nuair a dhéanann soláthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaineann le céannacht úsáideora agus sonraí a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh idirbhearta cistithe agus díchistithe. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon fhaireachán a dhéanamh ar shonraí idirbhirt le haghaidh idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne.

stórála áitiúla, nó ó na gairis stórála áitiúla isteach sna ***tiachóga*** Euro Dhigitigh. Áirítear leis sin aitheantóir na ngaireas stórála áitiúil a shannann soláthraithe seirbhísí íocaíochta d'úsáideoir Euro Dhigitigh a shealbhaíonn an Euro Digiteach as líne. Ba cheart an leibhéal príobháideachais sin a bheith inchomparáide le haistarraingtí nótaí bainc ag uathmheaisíní bainc nuair a dhéanann soláthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaineann le céannacht úsáideora agus sonraí a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh idirbhearta cistithe agus díchistithe. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon fhaireachán a dhéanamh ar shonraí idirbhirt le haghaidh idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach as líne.

Or. en

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 77**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (77) Chun na teorainneacha sealúchais a fhorfheidhmiú agus chun a áirithiú go ndéanfar ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach a mhalartú go heisceachtúil i gcásanna éigeandála arna iarraidh sin don úsáideoir den euro digiteach, tá gá le pointe rochtana aonair d'aitheantóirí úsáideora den euro digiteach agus leis na teorainneacha gaolmhara maidir le sealbhú an euro dhigitigh chun feidhmiú éifeachtúil an euro dhigitigh a áirithiú ar fud an limistéir euro ar fad, toisc go bhféadfadh ***cuntais*** sa euro digiteach a bheith ag úsáideoirí den euro digiteach i mBallstáit éagsúla. Agus an pointe rochtana aonair á bhunú, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do na bainc ceannais náisiúnta a áirithiú go n-íoslaghdófar | (77) Chun na teorainneacha sealúchais a fhorfheidhmiú agus chun a áirithiú go ndéanfar ***tiachóga*** Euro Dhigitigh a mhalartú go heisceachtúil i gcásanna éigeandála arna iarraidh sin d'úsáideoir an Euro Dhigitigh, tá gá le pointe rochtana aonair d'aitheantóirí úsáideoirí an Euro Dhigitigh agus le teorainneacha sealúchais gaolmhara an Euro Dhigitigh chun feidhmiú éifeachtúil an Euro Dhigitigh a áirithiú ar fud an limistéir euro ar fad, toisc go bhféadfadh úsáideoirí an Euro Dhigitigh ***tiachóga*** Euro Dhigitigh a bheith i seilbh acu i mBallstáit éagsúla. Agus an pointe rochtana aonair á bhunú, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do na bainc ceannais náisiúnta a áirithiú go n-íoslaghdófar próiseáil sonraí pearsanta |

| | |
|---|---|
| próiseáil sonraí pearsanta chuig an méid atá fíor-riachtanach agus go bhfuil cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú leabaithe. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do na bainc ceannais náisiúnta breithniú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí agus chun an riosca a bhaineann le sáruithe ar shonraí a íoslaghdú, ar stóráil dhíláraithe sonraí a úsáid. | chuig an méid atá fíor-riachtanach agus go bhfuil cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú leabaithe. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do na bainc ceannais náisiúnta breithniú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí agus chun an riosca a bhaineann le sáruithe ar shonraí a íoslaghdú, ar stóráil dhíláraithe sonraí a úsáid. |

Or. en

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D'fhonn an euro a oiriúnú d'athruithe teicneolaíocha agus d'fhonn a úsáid mar airgeadra aonair a áirithiú, bunaítear leis an Rialachán seo an euro digiteach agus leagtar síos ann rialacha maidir lena dhlíthairiscint, ***a dháileadh, a úsáid*** agus a ghnéithe teicniúla fíor-riachtanacha go háirithe. | D'fhonn an euro a oiriúnú d'athruithe teicneolaíocha agus d'fhonn a úsáid mar airgeadra aonair a áirithiú, bunaítear leis an Rialachán seo an Euro Digiteach agus leagtar síos ann rialacha maidir lena dhlíthairiscint, a dháileadh, a úsáid agus a ***phríomh-shaintréithe*** teicniúla bunúsacha go háirithe. |

Or. en

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ciallaíonn 'euro digiteach' foirm dhigiteach an airgeadra aonair atá ar fáil do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha; | 1. Ciallaíonn 'Euro Digiteach' an fhoirm dhigiteach ***de nótaí bainc agus monaí mar chuid den*** airgeadra aonair atá ar fáil do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha ***mar a shainmhínítear in Airteagal 128 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, arna n-*** |

| | |
|---|---|
| | ***eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag na bainc cheannais náisiúnta, ar mír dhliteanais iad ar chlár comhardaithe na n-eintiteas sin***; |

Or. en

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ciallaíonn '***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach' ***cuntas*** atá ag úsáideoir amháin nó níos mó den euro digiteach le soláthraí seirbhísí íocaíochta chun rochtain a fháil ar an euro digiteach arna thaifeadadh i mbonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh nó i ngaireas euro dhigitigh as líne agus chun idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a thionscnamh nó a fháil, bíodh sin as líne nó ar líne, agus gan beann ar struchtúr teicneolaíochta agus sonraí; | 5. ciallaíonn '***tiachóg*** euro dhigitigh' tiachóg ***dhigiteach atá*** ag úsáideoir amháin nó níos mó den Euro Digiteach le soláthraí seirbhísí íocaíochta chun rochtain a fháil ar an Euro Digiteach arna thaifeadadh i mbonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh nó i ngaireas Euro Dhigitigh as líne agus chun idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach a thionscnamh nó a fháil, bíodh sin as líne nó ar líne, agus gan beann ar struchtúr teicneolaíochta agus sonraí; |

Or. en

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ciallaíonn 'íocóir' aon duine a bhfuil ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach aige agus a cheadaíonn ordú íocaíochta ón ***gcuntas íocaíochta*** sa euro digiteach sin; | 9. ciallaíonn 'íocóir' duine ar bith a bhfuil ***tiachóg*** Euro Dhigitigh aige agus a cheadaíonn ordú íocaíochta ón ***tiachóg*** Euro Dhigitigh sin; |

Or. en

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. ciallaíonn 'cistiú' an próiseas trína bhfaigheann úsáideoir den euro digiteach euro digiteach mar mhalairt ar airgead tirim nó ar chistí eile, lena gcruthaítear dliteanas ***díreach*** ar an mBanc Ceannais Eorpach nó ar bhanc ceannais náisiúnta i leith an úsáideora den euro digiteach sin; | 11. ciallaíonn 'cistiú' an próiseas trína bhfaigheann úsáideoir Euro Dhigitigh, mar mhalairt ar airgead tirim nó ar chistí eile, lena gcruthaítear ***modh íocaíochta (Euro Digiteach) a bhfuil stádas dlíthairisceana aige, ar mír dliteanais é i gclár comhardaithe an*** Bhainc Cheannais Eorpaigh nó bainc ceannais náisiúnta i leith an úsáideora Euro Dhigitigh sin; |

Or. en

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***13a. ciallaíonn 'Euro Digiteach ar Líne' aistriú sa Euro Digiteach a thaifeadtar i gcónaí i mbonneagar;*** |

Or. en

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***13b. ciallaíonn 'Euro Digiteach as líne' Euro Digiteach atá cláraithe i ngairis stórála áitiúla;*** |

Or. en

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 14. ciallaíonn ‘idirbheart íocaíochta sa euro digiteach ar líne’ idirbheart íocaíochta sa euro digiteach ina ndéantar an ***tsocraíocht i mbonneagar socraíochta an euro dhigitigh***; | 14. ciallaíonn ‘idirbheart íocaíochta ar líne sa Euro Digiteach’ idirbheart íocaíochta sa Euro Digiteach ina ndéantar an ***t-aistriú*** agus ***taifead á dhéanamh air i dtaifead aistrithe***; |

Or. en

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 19. ciallaíonn ‘bonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh’ bonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh arna ghlacadh ag an Eurochóras; | 19. ciallaíonn ‘bonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh’ bonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh arna ghlacadh ag an Eurochóras; |

Or. en

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 25. ciallaíonn ‘íocaíocht inchomparáide trí mhodhanna digiteacha’ íocaíocht trí mhodhanna digiteacha, lena n-áirítear ***íocaíocht*** le cárta dochair agus ***íocaíocht*** mheandrach ag an bpointe idirghníomhaíochta cé is moite d’aistriú creidmheasa agus dochar díreach nach dtionscnaítear ag an bpointe | 25. ciallaíonn ‘modhanna íocaíochta digiteacha inchomparáide’ modhanna íocaíochta digiteacha inchomparáide, lena n-áirítear ***íocaíochtaí*** le cárta dochair***, íocaíochtaí le cárta creidmheasa*** agus ***íocaíochtaí*** meandracha ag an bpointe idirghníomhaíochta cé is moite d’aistriú creidmheasa agus dochar díreach nach |

| | |
|---|---|
| idirghníomhaíochta; | dtionscnaítear ag an bpointe idirghníomhaíochta; |

Or. en

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 26. ciallaíonn 'aistriú', arna iarraidh sin d'úsáideoir den euro digiteach, an fhaisnéis faoi gach seirbhís íocaíochta sa euro digiteach nó faoi chuid de na seirbhísí sin, lena n-áirítear íocaíochtaí athfhillteacha, a dhéantar ar ***chuntas íocaíochta*** sa euro digiteach, a aistriú ó ***chuntas íocaíochta*** sa euro digiteach go chéile, nó na sealúchais euro dhigitigh a aistriú ó chuntas íocaíochta sa euro digiteach go chéile, nó iad araon, agus an chéad ***chuntas íocaíochta*** sa euro digiteach a dhúnadh nó a fhágáil ar oscailt, agus an tráth céanna, an t-aitheantóir ***cuntais*** céanna á choinneáil; | 26. ciallaíonn 'athrú', ar iarraidh ó úsáideoir Euro Dhigitigh, an fhaisnéis faoi gach seirbhís íocaíochta sa Euro Digiteach nó faoi chuid de na seirbhísí sin, lena n-áirítear íocaíochtaí athfhillteacha, a dhéantar ar ***thiachóg*** Euro Dhigitigh, nó ar na sealúchais Euro Dhigitigh ó ***thiachóg*** Dhigiteach Euro amháin go dtí an soláthraí eile, nó iad araon, agus an chéad ***tiachóg*** Euro Dhigitigh a dhúnadh nó a fhágáil ar oscailt, agus an tráth céanna, an t-aitheantóir ***tiachóige*** céanna á choinneáil; |

Or. en

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 29. ciallaíonn 'fíordheimhniú úsáideora' píosa uathúil faisnéise arna chruthú ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta a dháileann an euro digiteach lenar féidir, i dteannta an aitheantóra úsáideora, le húsáideoir den euro digiteach a chruthú gur leis na sealúchais sa euro digiteach ar líne arna dtaifeadadh i mbonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh; | 29. ciallaíonn 'fíordheimhniú úsáideora' píosa uathúil faisnéise arna chruthú ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta a dháileann an Euro Digiteach lenar féidir, i dteannta an aitheantóra úsáideora, le húsáideoir Euro Digiteach a chruthú gur leis na sealúchais sa Euro Digiteach ar líne arna dtaifeadadh i mbonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh, ***a gcuireann gnéithe*** |

***teicniúla de, astu féin, ar chumas úsáideora Euro Dhigitigh cruthúnas a thabhairt ar a shealúchais, go háirithe gan bonneagar aistrithe, agus gan soláthraí seirbhíse íocaíochta ná aon tríú páirtí eile***;

Or. en

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***31a. Ciallaíonn 'Comhlacht Rialachais Leabhar Rialacha an Euro Dhigitigh' an suíomh institiúideach atá freagrach as na caighdeáin agus na rialacha a chinneadh is gá chun seirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach a éascú;*** |

Or. en

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Úsáid an Euro Dhigitigh faoi Chreat Airgeadais Dhigitigh an Aontais*** |
| | ***I gcomhréir leis na Conarthaí, féachfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta lena áirithiú go bhfeidhmeoidh na híocaíochtaí agus na córais go rianúil idir idirghabhálaithe airgeadais, soláthraithe seirbhíse íocaíochta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh chun tacú le húsáid airgid bainc ceannais le haghaidh*** |

***gníomhaíochtaí bonneagair margaidh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus faoi Rialachán (AE) 2023/1114.***

***[1] Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 agus Treoir 2014/65/AE (IO L 151, 2.6.2022, lch. 1).***

Or. en

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4b*** |
| | ***Cúraimí maoirseachta agus an Euro Dhigitigh atá ar an mBanc Ceannais Eorpach a dheighilt*** |
| | ***1. Bunófar deighilt shoiléir idir cúraimí maoirseachta na gcóras airgeadaíochta, maoirseachta agus íocaíochta atá ar an mBanc Ceannais Eorpach i gcomhréir le hAirteagail 119 go 144, 219 agus 282 go 284 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus a ghníomhaíochtaí maidir leis an gcóras íocaíochta sa Euro Digiteach.*** |
| | ***2. Chun críche mhír 1, bunófar aonad tiomnaithe laistigh den Bhanc Ceannais Eorpach. Beidh inniúlacht eisiach ag an aonad sin chun cúraimí an Bhainc Ceannais Eorpaigh a bhaineann*** |

| | |
|---|---|
| | ***le hoibriú agus bainistiú córais íocaíochta Euro Dhigitigh agus bonneagair Euro Dhigitigh a chur i gcrích.*** |
| | ***3. Beidh an t-aonad dá dtagraítear i mír 2 neamhspleách ó thaobh cuntasaíochta, eagrúcháin agus próiseas cinnteoireachta.*** |

Or. en

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An dlí is infheidhme | An dlí ***agus an rialachas*** is infheidhme |

Or. en

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoi chuimsiú an Rialacháin seo, rialófar an euro digiteach freisin leis na ***bearta***, rialacha agus caighdeáin mhionsonraithe a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh de bhun a chuid inniúlachtaí féin. I gcás ina mbeidh tionchar ag na ***bearta***, rialacha agus caighdeáin mhionsonraithe sin ar chosaint chearta agus shaoirse na ndaoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta, rachaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sula nglacfar iad. | 2. Faoi chuimsiú an Rialacháin seo, rialófar an Euro Digiteach freisin leis na ***gnéithe dearaidh*** rialacha agus caighdeáin mhionsonraithe a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh de bhun a chuid inniúlachtaí féin. I gcás ina mbeidh tionchar ag na ***gnéithe dearaidh***, rialacha agus caighdeáin mhionsonraithe sin ar chosaint chearta agus shaoirse na ndaoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta, rachaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sula nglacfar iad. |

Or. en

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Tacóidh an Banc Ceannais Eorpach le Comhlacht Rialachais Leabhar Rialachais an Euro Dhigiteacha bhunú. Ina a rialacha ballraíochta, ina eagrúchán inmheánach agus ina phróisis chinnteoireachta, déanfar an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) struchtúr agus riachtanais an mhargaidh le haghaidh seirbhísí íocaíochta a léiriú;*** |
| | ***(b) iad a ailíniú le modhanna féinrialála atá bunaithe agus leo siúd atá ag teacht chun cinn sa mhargadh le haghaidh seirbhísí íocaíochta agus;*** |
| | ***(c) iad a theorannú do cheanglais le haghaidh idir-inoibritheachta a éascú de réir fhorálacha an Rialacháin seo, go háirithe maidir le pointí (a) go (d) d'Iarscríbhinn I agus pointe (e) d'Iarscríbhinn II.*** |

Or. en

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcomhréir le hAirteagal 4(25) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, arna ionadú ag Treoir (AE) [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach - COM/2023/366 | 3. I gcomhréir le hAirteagal 4(25) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, arna ionadú ag Treoir (AE) [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach - COM/2023/366 |

| | |
|---|---|
| final] agus Rialachán (AE) [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach - COM/2023/367 final] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XX XX 2023, beidh feidhm ag forálacha na Treorach sin maidir le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach. | final] agus Rialachán (AE) [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach - COM/2023/367 final] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XX XX 2023, beidh feidhm ag forálacha na Treorach sin maidir le hidirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach***, i gcás inarb iomchuí***. |

Or. en

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás inar ***fiontar é*** an t-íocaí ***a fhostaíonn níos lú ná deichniúr nó nach mó ná EUR 2 mhilliún a láimhdeachas bliantúil nó iomlán a chláir chomhardaithe bhliantúil, nó más eintiteas dlítheanach neamhbhrabúsach é mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44], mura nglacann sé le*** híocaíocht inchomparáide trí mhodhanna digiteacha; | (a) i gcás nach ***nglacann*** an t-íocaí le modhanna íocaíochta digiteacha inchomparáide; |
| [44] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1). | [44] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1). |

Or. en

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) daoine nádúrtha agus dlítheanacha a d'oscail ***cuntas*** sa euro digiteach tráth a bhí cónaí orthu nó a bhí siad bunaithe sna Ballstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu, ach nach bhfuil cónaí orthu nó nach bhfuil bunaithe sna Ballstáit sin a thuilleadh; | (b) daoine nádúrtha agus dlítheanacha a d'oscail ***tiachóg*** Euro Dhigitigh tráth a bhí cónaí orthu nó a bhí siad bunaithe sna Ballstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu, ach nach bhfuil cónaí orthu nó nach bhfuil bunaithe sna Ballstáit sin a thuilleadh; |

Or. en

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta riarthóra de réir bhrí Threoir 2015/2366 é ar a gcumas d'úsáideoirí den euro digiteach a gcuntais íocaíochta sa euro digiteach a ***chistiú nó*** a dhíchistiú ***de láimh nó go huathoibríoch ó nó*** chuig cuntais íocaíochta sa ***euro neamhdhigiteach***, nó nótaí bainc agus monaí euro nuair a sholáthraíonn soláthraí seirbhísí íocaíochta seirbhísí airgid thirim, faoi réir aon teorainn a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo. | 2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta riarthóra de réir bhrí Threoir 2015/2366 é ar a gcumas d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh a ***dtiachóg*** Euro Dhigitigh a ***chistiú agus*** a dhíchistiú ó chuntais íocaíochta, nó chucu, ***atá ainmnithe in euro***, nó nótaí bainc agus monaí euro nuair a sholáthraíonn soláthraí seirbhísí íocaíochta seirbhísí airgid thirim, faoi réir aon teorainn a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo. |

Or. en

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críoch phointí (a) agus (b), agus tar éis formheas a fháil roimh ré ó úsáideoirí den euro digiteach, déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta gach ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach a nascadh le cuntas íocaíochta aonair sa euro ***neamhdhigiteach*** arna ainmniú ag na húsáideoirí den euro digiteach. Ceadófar d'úsáideoirí den euro digiteach an cuntas íocaíochta sa ***euro neamhdhigiteach*** ainmnithe sin a bheith acu le soláthraí seirbhísí íocaíochta nach ionann é agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta ina bhfuil ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach ar leith i seilbh. | Chun críche phointí (a) agus (b), agus tar éis formheas a fháil roimh ré ó úsáideoirí Euro Dhigitigh, déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta gach ***tiachóg*** Euro Dhigitigh a nascadh le cuntas íocaíochta aonair ***atá ainmnithe in euro*** arna ainmniú ag úsáideoirí an Euro Dhigitigh. Ceadófar d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh an cuntas íocaíochta ainmnithe sin a bheith acu le soláthraí seirbhíse íocaíochta nach ionann é agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta a bhfuil ***tiachóg*** Euro Dhigitigh ar leith á coimeád aige. |

Or. en

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Chun críoch seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach, ní rachaidh úsáideoirí den euro digiteach i ngaol conarthach ach le soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Ní bheidh aon ghaol conarthach ag úsáideoirí den euro digiteach leis an mBanc Ceannais Eorpach ná leis na bainc cheannais náisiúnta. | 6. Chun críche seirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach, ní rachaidh úsáideoirí an Euro Dhigitigh i ngaol conarthach ach le soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Ní bheidh aon ghaol conarthach ag úsáideoirí an Euro Dhigitigh leis an mBanc Ceannais Eorpach ná leis na bainc cheannais náisiúnta. ***Beidh an fhoráil seo gan dochar do dhliteanas an Bhainc Cheannais Eorpaigh nó na mbanc ceannais náisiúnta i leith aon teagmhas a bhaineann leis na hábhair atá faoina rialú, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, teipeanna córais nó neamhchomhlíonadh prionsabal, caighdeán agus na gceanglas is infheidhme maidir le hoibríochtaí córas íocaíochta agus cosaint sonraí.*** |

Or. en

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** |
| | ***Comhéadain chúil BCE*** |
| | ***Beidh comhéadan i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chun go mbeidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta incháilithe in ann sealúchais a fháil i dtiachóga Euro Dhigitigh de chuid úsáideora Euro Dhigitigh agus chun íocaíochtaí a thionscnamh thar ceann úsáideoir an Euro Dhigitigh.*** |

Or. en

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13b*** |
| | ***Caighdeáin agus sonraíochtaí*** |
| | ***Áiritheoidh an Banc Ceannais Eorpach go n-úsáidfear sa chomhéadan dá dtagraítear in Airteagal 13a caighdeáin chumarsáide ar caighdeáin sheanbhunaithe tionscail nó mhargaidh iad.*** |

Or. en

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13c*** |
| | ***Athrú ar chaighdeáin agus ar shonraíochtaí*** |
| | ***Áiritheoidh an Banc Ceannais Eorpach, ach amháin i gcásanna éigeandála a chuireann cosc air sin a dhéanamh, go ndéanfar aon athrú ar na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 13a a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta incháilithe nó do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta incháilithe a rinne iarratas ar an údarú ábhartha, roimh ré agus a luaithe is féidir.*** |

Or. en

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13d*** |
| | ***Saoráid tástála*** |
| | ***Cuirfidh an Banc Ceannais Eorpach saoráid tástála ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht, chun nascadh leis an gcomhéadan le bonneagar an Euro Dhigitigh agus le haghaidh tástáil fheidhmiúil chun go mbeidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta údaraithe nó soláthraithe seirbhíse íocaíochta údaraithe a rinne iarratas ar an údarú ábhartha in ann tástáil a dhéanamh ar na bogearraí agus na feidhmchláir a úsáidtear chun seirbhísí Euro Digiteach a thairiscint d'úsáideoirí.*** |

Or. en

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun an euro digiteach a dháileadh ar dhaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a), arna iarraidh sin dá gcliaint, déanfaidh ***institiúidí creidmheasa*** a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear i bpointí (1), (2) nó (3) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2366, gach bunseirbhís íocaíochta sa euro digiteach dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a sholáthar do na daoine sin. | 1. Chun an Euro Digiteach a dháileadh ar dhaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a), arna iarraidh sin dá gcliaint, déanfaidh ***soláthraithe seirbhísí íocaíochta*** a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear i bpointí (1), (2) nó (3) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2366, gach bunseirbhís íocaíochta sa Euro Digiteach dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a sholáthar do na daoine sin. |

Or. en

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a) nach bhfuil cuntas sa ***euro neamhdhigiteach*** acu, beidh feidhm ag Caibidil IV de Threoir (AE) 2014/92 maidir le rochtain ar chuntas íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha aige, cé is moite d’Airteagail 17 ***agus 18***, maidir le rochtain tomhaltóirí ar ***chuntas*** sa euro digiteach a bhfuil bunseirbhísí aige. | 2. I gcás na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a) nach bhfuil cuntas ***íocaíochta*** acu ***atá ainmnithe in euro***, beidh feidhm ag Caibidil IV de Threoir (AE) 2014/92 maidir le rochtain ar chuntas íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha aige, cé is moite d’Airteagal 17, maidir le rochtain tomhaltóirí ar ***thiachóg*** Euro Dhigitigh a bhfuil bunseirbhísí aige. |

Or. en

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar do na daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a) nach bhfuil cuntas íocaíochta sa ***euro neamhdhigiteach*** ina seilbh acu nó nach mian leo ceann a bheith ina seilbh acu; | (a) bunseirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach a sholáthar do dhaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a) nach bhfuil cuntas íocaíochta ***ainmnithe in euro*** acu nó nach mian leo ceann a bheith ina seilbh acu; |

Or. en

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Soláthróidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach do dhaoine faoi mhíchumas, daoine le teorannú cumais nó daoine a bhfuil scileanna digiteacha teoranta acu, agus do dhaoine scothaosta. Gan dochar do mhír 3, pointe (b), is éard a bheidh sa tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach cúnamh tiomnaithe ar mhaithe le hionduchtú go ***cuntas*** sa euro digiteach agus úsáid a bhaint as na bunseirbhísí sa euro digiteach uile. | 4. Soláthróidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach do dhaoine faoi mhíchumas, daoine le teorannú cumais nó daoine a bhfuil scileanna digiteacha teoranta acu, agus do dhaoine scothaosta. Gan dochar do mhír 3, pointe (b), is éard a bheidh sa tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach cúnamh tiomnaithe ar mhaithe le hionduchtú go ***tiachóg*** Euro Dhigitigh agus úsáid a bhaint as na bunseirbhísí sa Euro Digiteach uile. |

Or. en

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. D'fhonn úsáid éifeachtach an euro dhigitigh mar mhodh íocaíochta is airgead dlíthairgthe a áirithiú, agus chun muirir | 2. D'fhonn úsáid éifeachtach an Euro Dhigitigh mar mhodh íocaíochta is airgead dlíthairgthe a áirithiú, agus chun muirir |

| | |
|---|---|
| iomarcacha ar cheannaithe atá faoi réir na hoibleagáide glacadh leis an euro digiteach faoi Chaibidil II a sheachaint, agus an tráth céanna, cúiteamh á sholáthar as na costais ábhartha arna dtabhú ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta as íocaíochtaí sa euro digiteach a sholáthar, beidh ***leibhéal na*** muirear nó na dtáillí atá le híoc ag daoine nádúrtha nó ag ceannaithe le soláthraithe seirbhísí íocaíochta, nó idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta, faoi réir teorainneacha. | iomarcacha ar cheannaithe atá faoi réir na hoibleagáide glacadh leis an Euro Digiteach faoi Chaibidil II a sheachaint, agus an tráth céanna, cúiteamh á sholáthar as na costais ábhartha arna dtabhú ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta as íocaíochtaí sa Euro Digiteach a sholáthar, féadfaidh ***soláthraithe seirbhíse íocaíochta*** muirir nó táillí ***iomchuí a ghearradh*** a bheidh le híoc ag daoine nádúrtha nó ag ceannaithe le soláthraithe seirbhísí íocaíochta, nó idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta, faoi réir teorainneacha. |

Or. en

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun críoch Airteagal 15(1), ***forbróidh an Banc Ceannais Eorpach ionstraimí*** chun teorainn a chur le húsáid an euro dhigitigh mar stór luacha agus déanfaidh sé cinneadh maidir lena bparaiméadair agus lena n-úsáid***, i gcomhréir leis an gcreat a leagtar amach san Airteagal seo. Maidir le soláthraithe seirbhísí*** íocaíochta ***a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta riarthóra cuntais de réir bhrí Threoir 2015/2366 do na daoine nádúrtha agus dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), cuirfidh siad na teorainneacha sin i bhfeidhm maidir le cuntais íocaíochta sa*** euro digiteach. | 1. Chun críche Airteagal 15(1), ***saineoidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta teorainneacha sealúchais dá gcustaiméirí*** chun teorainn a chur le húsáid an Euro Dhigitigh mar stór luacha agus cinnfidh siad a bparaiméadair agus a n-úsáid. ***Is féidir an teorainn sealúchais a chomhaontú ar bhonn aonair idir an soláthraí seirbhíse*** íocaíochta ***agus úsáideoir an*** Euro Dhigitigh***, agus féadfar an teorainn laethúil le haghaidh aistarraingt airgid arna sainiú do chártaí dochair agus creidmheasa an chustaiméara a mheas mar thairseach tagartha***. |

Or. en

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh feidhm ag aon teorainn sealúchais ar ***chuntais íocaíochta*** sa euro digiteach arna ghlacadh de bhun mhír 1 maidir le sealúchais as líne agus ar líne araon. I gcás ina n-úsáidfidh úsáideoir den euro digiteach euro digiteach as líne agus ar líne araon, beidh an teorainn a bhfuil feidhm aici maidir le euro digiteach ar líne cothrom leis an teorainn fhoriomlán arna cinneadh ag an mBanc Ceannais Eorpach lúide an teorainn sealúchais le haghaidh an euro dhigitigh as líne arna socrú ag úsáideoirí den euro digiteach. Féadfaidh úsáideoir den euro digiteach a theorainn sealúchais as líne a shocrú ag méid ar bith idir nialas agus an teorainn sealúchais arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 37. | 4. Beidh feidhm ag aon teorainn sealúchais ar ***thiachóga*** Euro Dhigitigh arna glacadh de bhun mhír 1 maidir le sealúchais as líne agus ar líne araon. I gcás ina n-úsáideann úsáideoir Euro Dhigitigh Euro Digiteach as líne agus ar líne araon, beidh an teorainn a bhfuil feidhm aici maidir le Euro Digiteach ar líne cothrom leis an teorainn fhoriomlán arna cinneadh ag an mBanc Ceannais Eorpach lúide an teorainn sealúchais le haghaidh an Euro Dhigitigh as líne arna socrú ag úsáideoirí an Euro Dhigitigh. Féadfaidh úsáideoir an Euro Dhigitigh a theorainn sealúchais as líne a shocrú ag méid ar bith idir nialas agus an teorainn sealúchais arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 37. |

Or. en

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh cuairteoirí ar an limistéar euro dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (c), agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointí (b), (d) agus (e), faoi réir teorainneacha a mhéid a bhaineann le húsáid an euro mar stór luacha nach airde ná na teorainneacha arna gcur chun feidhme iarbhír sa limistéar euro i gcás daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe i mBallstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu. Déanfar paraiméadair agus úsáid na n-ionstraimí a | 5. Beidh cuairteoirí ar an limistéar euro dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (c), agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointí (b), (d) agus (e), faoi réir teorainneacha a mhéid a bhaineann le húsáid an Euro mar stór luacha nach airde ná na teorainneacha arna gcur chun feidhme iarbhír sa limistéar Euro i gcás daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe i mBallstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu. Déanfar paraiméadair agus úsáid na n-ionstraimí a |

| | |
|---|---|
| chur i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go haonfhoirmeach ar fud na mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá aige. ***Agus úsáid na n-ionstraimí sna Ballstáit sin á gcinneadh agus na paraiméadair á socrú ag an mBanc Ceannais Eorpach, rachaidh sé i gcomhairle le bainc cheannais náisiúnta na mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá acu.*** | chur i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go haonfhoirmeach ar fud na mBallstát nach é an Euro an t-airgeadra atá aige. |

Or. en

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. I gcás ina mbeidh cuntas íocaíochta sa euro digiteach iomadúla ag úsáideoir den euro digiteach, sonróidh an t-úsáideoir den euro digiteach do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta lena bhfuil na cuntais íocaíochta sa euro digiteach aige an bealach a leithdháilfear an teorainn sealúchais aonair idir na cuntais íocaíochta sa euro digiteach éagsúla.*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. I gcás ina mbeidh ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach ag níos mó ná úsáideoir den euro digiteach amháin, is éard a bheidh in aon teorainn sealúchais ar an ***gcuntas íocaíochta*** sa euro digiteach | 7. I gcás ina bhfuil ***tiachóg*** Euro Dhigitigh i seilbh níos mó ná úsáideoir amháin Euro Dhigitigh, is ionann aon teorainn sealúchais ar an ***tiachóg*** Euro Dhigitigh arna glacadh de bhun mhír 1 |

| | |
|---|---|
| gaolmhar arna glacadh de bhun mhír 1 agus suim na dteorainneacha sealúchais aonair arna leithdháileadh ar a úsáideoirí. | agus suim na dteorainneacha sealbhaíochta aonair arna leithdháileadh ar a n-úsáideoirí. |

Or. en

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críoch Airteagal 15(2), aon mhuirear seirbhíse ar an gceannaí nó aon táille idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta i ndáil le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach, comhlíonfaidh siad prionsabal na comhréireachta. ***Ní bheidh aon mhuirear seirbhíse ar an gceannaí nó aon táille idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta níos mó ná an ceann is ísle den dá mhéid seo a leanas:*** | 2. Chun críche Airteagal 15(2), is iad ***na rannpháirtithe sa mhargadh a shocróidh*** aon mhuirear seirbhíse ar an gceannaí nó aon táille idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta i ndáil le hidirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach ***agus*** comhlíonfaidh sí prionsabal na comhréireachta. |

Or. en

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) na costais ábhartha arna dtabhú ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta chun íocaíochtaí sa euro digiteach a sholáthar, agus corrlach réasúnta brabúis a bheith san áireamh leis freisin;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) táillí nó muirir arna n-iarraidh le haghaidh íocaíocht inchomparáide trí mhodhanna digiteacha.*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh uimhir uathúil ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach ag gach ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach. | 3. Beidh uimhir ***aitheantais*** uathúil ***tiachóige*** Euro Dhigitigh ag gach ***tiachóg*** Euro Dhigitigh. |

Or. en

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfar gach ***cuntas íocaíochta*** sa euro digiteach a nascadh le cuntas íocaíochta sa euro neamhdhigiteach amháin nó níos mó a ainmneoidh an t-úsáideoir den euro digiteach. Chun críoch Airteagal 13(4), ní fhéadfar gach cuntas íocaíochta sa euro digiteach a nascadh ach le ***cuntas íocaíochta*** sa euro neamhdhigiteach amháin. | 4. Féadfar gach ***tiachóg*** Euro Dhigitigh a nascadh le cuntas íocaíochta neamhdhigiteach euro amháin nó níos mó a ainmneoidh an t-úsáideoir Euro Dhigitigh. Chun críche Airteagal 13(4), ní fhéadfar gach ***tiachóg*** Euro Dhigitigh a nascadh ach le cuntas íocaíochta neamhdhigiteach amháin. |

Or. en

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ceadóidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta do níos mó ná úsáideoir den euro digiteach amháin ***cuntas íocaíochta*** sa digiteach euro a úsáid. | 5. Ceadóidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta do níos mó ná úsáideoir Euro Dhigitigh amháin ***tiachóg*** Euro Dhigitigh a úsáid. |

Or. en

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun a áirithiú gur féidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus úsáideoirí den euro digiteach idirbhearta coinníollacha íocaíochta sa euro digiteach a úsáid, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh: | 1. Chun a áirithiú gur féidir le soláthraitheseirbhíse íocaíochta***, soláthraithe seirbhíse eile*** agus úsáideoirí an Euro Dhigitigh idirbhearta coinníollacha íocaíochta sa Euro Digiteach a úsáid, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh: |

Or. en

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na feidhmiúlachtaí i mbonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh is gá a sholáthar chun idirbhearta coinníollacha íocaíochta sa euro digiteach a fheidhmiú, lena n-áirítear chun cistí a fhorchoimeád***.*** | (b) na feidhmiúlachtaí i mbonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh is gá a sholáthar chun idirbhearta coinníollacha íocaíochta sa Euro Digiteach a fheidhmiú, lena n-áirítear chun cistí a fhorchoimeád***;*** |

Or. en

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) caighdeáin a ghlacadh chun go bhféadfar tagairt a dhéanamh don Euro Digiteach ar mhórleabhair dháilte.*** |

Or. en

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féachfaidh*** an Banc Ceannais Eorpach lena áirithiú ***a mhéid is féidir*** idir-inoibritheacht na gcaighdeán lena rialaítear ***seirbhísí íocaíochta*** sa euro digiteach le caighdeáin ábhartha lena rialaítear íocaíocht phríobháideach trí mhodhanna digiteacha. ***Féachfaidh*** an Banc Ceannais Eorpach a chumasú***, a mhéid is féidir agus i gcás inarb iomchuí,*** go ***mbainfidh*** íocaíocht phríobháideach trí mhodhanna digiteacha ***úsáid as*** rialacha, ***caighdeáin agus próisis*** lena rialaítear na ***seirbhísí íocaíochta*** sa euro digiteach. | Áiritheoidh an Banc Ceannais Eorpach idir-inoibritheacht ***gnéithe dearaidh agus rialacha an Euro Dhigitigh agus na*** gcaighdeán lena rialaítear ***comhéadan bhonneagar an*** Euro Dhigitigh le caighdeáin ábhartha lena rialaítear modhanna íocaíochta digiteacha príobháideacha. ***Déanfaidh*** an Banc Ceannais Eorpach ***tosaíocht de*** mhodhanna íocaíochta digiteacha príobháideacha a chumasú ***an Euro Digiteach a dháileadh ar bhonn na ngnéithe dearaidh agus*** na rialacha, lena rialaítear an Euro Digiteach. |

Or. en

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críoch na chéad fhomhíre, f***éadfar tacú leis an idir-inoibritheacht inter alia*** trí chaighdeáin ***oscailte*** a úsáid. | Chun críche na chéad fhomhíre, ***saothrófar*** an idir-inoibritheacht trí úsáid a bhaint as caighdeáin ***sheanbhunaithe atá ann cheana agus trí rannchuidiú le tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu***. |

Or. en

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 26a*** |
| | ***Rialachas agus idir-inoibritheacht*** |
| | ***Déanfaidh na soláthraithe seirbhíse íocaíochta incháilithe, ar bhonn na ngnéithe dearaidh agus na rialacha arna sainiú ag an mBanc Ceannais Eorpach le haghaidh an Euro Dhigitigh agus na gcaighdeán arna sainiú ag an mBanc Ceannais Eorpach don chomhéadan le bonneagar an Euro Dhigitigh, scéim íocaíochta sa Euro Digiteach a fhorbairt lena rialófar na rialacha, na caighdeáin agus na próisis i mbonneagar an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta agus don tosach a sholáthraítear d'úsáideoir an Euro Dhigitigh.*** |
| | ***Chun críche na chéad fhomhíre, déanfaidh gach soláthraí seirbhíse íocaíochta incháilithe a thairiscint d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh seirbhís tosaigh Euro Dhigitigh amháin ar a laghad atá idir-inoibriteach le seirbhísí tosaigh ar fud an limistéir euro.*** |

Or. en

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Ní ghníomhóidh an Banc Ceannais Eorpach mar pháirtí in aon cheann de na díospóidí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthraithe seirbhísí íocaíochta a dháileann an euro digiteach, ***tabharfaidh siad rogha d'úsáideoirí den euro digiteach*** na seirbhísí tosaigh digiteacha seo a leanas a úsáid chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí den euro digiteach rochtain a fháil ar sheirbhísí íocaíochta sa euro digiteach agus iad a úsáid: | ***Beidh sé de rogha ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta a dháileann an*** Euro Digiteach na seirbhísí tosaigh digiteacha seo a leanas a úsáid chun a chur ar a gcumas d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh rochtain a fháil ar sheirbhísí íocaíochta sa Euro Digiteach agus iad a úsáid: |

Or. en

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) seirbhísí tosaigh arna bhforbairt ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta; ***agus*** | (a) seirbhísí tosaigh arna bhforbairt ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta; ***nó*** |

Or. en

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Saineoidh [Comhlacht Rialachais leabhar rialacha an Euro Dhigitigh NÓ an Banc Ceannais Eorpach], i gcomhréir le hAirteagal 26, sraith íosta caighdeán teicniúil is gá don idir-inoibritheacht idir seirbhísí tosaigh chun críche phointe (b) d'Iarscríbhinn I. Is iad seo a leanas a chuirfidh na caighdeáin sin i bhfeidhm:*** |
| | ***(a) soláthraithe seirbhíse íocaíochta nuair a bheidh a gcuid seirbhísí tosaigh féin á bhforbairt acu agus;*** |
| | ***(b) an Banc Ceannais Eorpach de bhun mhír 1, pointe (b).*** |

Or. en

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gur féidir le húsáideoirí den euro digiteach ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach a rochtain agus a úsáid go tapa agus go héasca. | (b) gur féidir le húsáideoirí an Euro Dhigitigh ***tiachóga*** Euro Dhigitigh a rochtain agus a úsáid go tapa agus go héasca. |

Or. en

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Le linn idirbheart íocaíochta sa euro | 2. Le linn idirbheart íocaíochta sa |

digiteach a fheidhmiú, ní fhíoróidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra agus soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí atá bainteach le feidhmiú an idirbhirt sin an daoine nó eintitis liostaithe iad an t-íocóir nó an t-íocaí a n-úsáidtear a ***gcuntais íocaíochta*** sa euro digiteach chun an t-idirbheart íocaíochta sa euro digiteach sin a fheidhmiú sa bhreis ar fhíoruithe a dhéanamh faoi mhír 1.

Euro Digiteach a fheidhmiú, ní fhíoróidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra agus soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí atá bainteach le feidhmiú an idirbhirt sin an daoine nó eintitis liostaithe iad an t-íocóir nó an t-íocaí a n-úsáidtear a ***thiachóg*** Euro Dhigitigh chun an t-idirbheart íocaíochta sa euro digiteach sin a fheidhmiú sa bhreis ar fhíoruithe a dhéanamh faoi mhír 1.

Or. en

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne a shocrú go críochnaitheach tráth a thaifeadfar aistriú an euro dhigitigh lena mbaineann ón íocóir go dtí an t-íocaí i mbonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh arna ghlacadh ag an Eurochóras. | 2. Déanfar idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach ar líne a shocrú go críochnaitheach tráth a thaifeadfar aistriú an Euro Dhigitigh lena mbaineann ón íocóir go dtí an t-íocaí i mbonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh arna ghlacadh ag an Eurochóras. |

Or. en

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach a aistriú | ***Tiachóga*** Euro Dhigitigh a aistriú |

Or. en

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta é ar a gcumas d'úsáideoirí den euro digiteach, arna iarraidh sin dóibh, a ***gcuntais íocaíocht***a sa euro digiteach a aistriú go soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile agus na ***haitheantóirí*** cuntais céanna á gcoinneáil acu an tráth céanna. | 1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta é ar a gcumas d'úsáideoirí den euro digiteach, arna iarraidh sin dóibh, a ***dtiachóga*** Euro Dhigitigh a aistriú go soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile agus an ***uimhir aitheantais*** cuntais chéanna á coinneáil acu an tráth céanna. |

Or. en

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. In imthosca eisceachtúla i gcás nach bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta in ann, go hoibríochtúil, seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach ar feadh tréimhse fhada ama, nó má chaill sé na sonraí lena mbaineann ***a bhaineann le cuntais íocaíochta*** sa euro digiteach, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta a údarú ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteacha a shealbhaítear sa soláthraí seirbhísí íocaíochta sin a aistriú chuig soláthraí seirbhísí íocaíochta eile arna ainmniú ag an úsáideoir den euro digiteach. Leis an aistriú, cuirfear é ar a chumas don soláthraí seirbhísí íocaíochta nua an t-aistriú a chur i gcrích gan brath ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta nach bhfuil ar fáil. | 2. In imthosca eisceachtúla i gcás nach bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta in ann, go hoibríochtúil, seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach ar feadh tréimhse fhada ama, nó má chaill sé na sonraí lena mbaineann ***a bhaineann le tiachóg*** Euro Dhigitigh, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta a údarú ***tiachóga*** Euro Dhigitigh a shealbhaítear sa soláthraí seirbhísí íocaíochta sin a aistriú chuig soláthraí seirbhísí íocaíochta eile arna ainmniú ag an úsáideoir den euro digiteach. Leis an aistriú, cuirfear é ar a chumas don soláthraí seirbhísí íocaíochta nua an t-aistriú a chur i gcrích gan brath ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta nach bhfuil ar fáil. |

Or. en

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) measúnú a dhéanamh ar an neamhchosaint ar riosca calaoise a bhaineann le hidirbhearta ar líne sa euro digiteach i bhfíor-am sula dtabharfar an t-idirbheart isteach i mbonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh, agus ní úsáidfidh ach soláthraithe seirbhísí íocaíochta an sásra chuige sin; | (a) measúnú a dhéanamh ar an neamhchosaint ar riosca calaoise a bhaineann le hidirbhearta ar líne sa Euro Digiteach i bhfíor-am sula dtabharfar an t-idirbheart isteach i mbonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh, agus ní úsáidfidh ach soláthraithe seirbhísí íocaíochta an sásra chuige sin; |

Or. en

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rochtain a sholáthar do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ar bhonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh agus tacú le malartú teachtaireachtaí idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta; | (a) rochtain a sholáthar do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ar bhonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh agus tacú le malartú teachtaireachtaí idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta; |

Or. en

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) slándáil agus sláine bhonneagar ***socraíochta*** an euro dhigitigh agus gaireas stórála áitiúla a chosaint; | (c) slándáil agus sláine bhonneagar ***aistrithe*** an Euro Dhigitigh agus gaireas stórála áitiúla a chosaint; |

Or. en

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) tacú le fíorú a dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta i dtaobh an bhfuil cuntais íocaíochta sa euro digiteach le soláthraithe eile seirbhísí íocaíochta ag úsáideoir ionchasach cheana féin chun cosc a chur ar theacht timpeall ar theorainneacha i gcomhréir le hAirteagal 16;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) in imthosca eisceachtúla mar a shainmhínítear in Airteagal 31 (2), údarú a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ***cuntais íocaíochta*** sa euro digiteacha atá le soláthraí seirbhísí íocaíochta a aistriú chuig soláthraithe eile seirbhísí íocaíochta arna n-ainmniú ag an úsáideoir den euro digiteach. | (e) in imthosca eisceachtúla mar a shainmhínítear in Airteagal 31 (2), údarú a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ***tiachóga*** Euro Dhigitigh atá á gcoimeád le soláthraí seirbhísí íocaíochta a aistriú chuig soláthraithe eile seirbhísí íocaíochta arna n-ainmniú ag an úsáideoir den euro digiteach. |

Or. en

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tacófar le sonraí pearsanta a | 4. Tacófar le sonraí pearsanta a |

| | |
|---|---|
| phróiseáiltear le haghaidh cúraimí dá dtagraítear i mír 1 trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais. Áireofar leis sin deighilt shoiléir sonraí pearsanta chun a áirithiú nach bhféadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta úsáideoirí aonair den euro digiteach a shainaithint go díreach. | phróiseáiltear le haghaidh cúraimí dá dtagraítear i mír 1 trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais. Áireofar leis sin deighilt shoiléir sonraí pearsanta chun a áirithiú nach bhféadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta úsáideoirí aonair den euro digiteach a shainaithint go díreach ***agus go hindíreach***. |

Or. en

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 11, 33, 34 agus 35 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***neamhchinntithe ama*** ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 11, 33, 34 agus 35 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***5 bliana*** ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

Or. en

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 11, 33, 34 agus 35 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na*** | ***scriosta*** |

***cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.***

Or. en

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagail 11, 33, 34 agus 35 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***1 mhí*** ó tugadh fógra faoin ngníomh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***2*** mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagail 11, 33, 34 agus 35 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***3 mhí*** ó tugadh fógra faoin ngníomh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. . Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***3*** mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

Or. en

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 38a*** |
| | ***Nós imeachta grinnscrúdaithe*** |

| | |
|---|---|
| | ***Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach, tar éis don Bhanc Ceannais Eorpach struchtúr teicneolaíoch an Euro Dhigitigh a thíolacadh, nós imeachta grinnscrúdaithe a sheoladh chun measúnú a dhéanamh ar an teicneolaíocht agus chun a áirithiú go bhfuil sí oiriúnach chun freastal ar leas úsáideoirí an Euro Dhigitigh. Chun na críche sin, tabharfaidh an Banc Ceannais Eorpach fógra cuí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún nuair a bheidh an fhorbairt theicneolaíoch tugtha i gcrích. Seolfar an nós imeachta grinnscrúdaithe go tráthúil ionas go bhféadfaidh an Banc Ceannais Eorpach an Euro Digiteach a scaoileadh go hordúil, ar choinníoll go mbeidh toradh dearfach ar ghrinnscrúdú na nInstitiúidí Eorpacha.*** |

Or. en

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Roimh eisiúint bheartaithe an euro dhigitigh agus roimh chur chun feidhme aon athraithe ar pharaiméadair agus úsáid na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 16 nó ar a laghad gach 3 bliana tar éis eisiúint an euro dhigitigh, soláthróidh an Banc Ceannais Eorpach an méid seo a leanas do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) faisnéis faoi na hionstraimí chun teorainn a chur le húsáid an euro dhigitinn dá dtagraítear in Airteagal 16 agus na paraiméadair a bhfuil sé beartaithe ag an mBanc Ceannais*** | |

***Eorpach iad a ghlacadh i bhfianaise na timpeallachta airgeadais agus airgeadaíochta atá ann;***

***(b) anailís ar an mbealach a meastar go gcomhlíonfaidh na hionstraimí agus na paraiméadair dá dtagraítear i bpointe (a) an cuspóir mar atá cobhsaíocht airgeadais a chosaint.***

Or. en

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Bliain amháin tar éis na chéad eisiúna den euro digiteach agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar anailís ar thionchar na bparaiméadar agus ar úsáid na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 16 maidir leis an méid seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ról na n-idirghabhálaithe airgeadais i maoiniú an gheilleagair;*** | |
| ***(b) ceanglais leachtachta a leagtar síos i Rialachán 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** | |

Or. en

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) líon na ***gcuntas*** sa euro digiteach a | (b) líon na ***dtiachóg*** Euro Dhigitigh a |

| | |
|---|---|
| osclaíodh; | osclaíodh; |

Or. en

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 4 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) líon na ***gcuntas íocaíochta*** sa euro digiteach dá dtagraítear in Airteagail 14(2) agus 14(3) a d'oscail soláthraithe seirbhísí íocaíochta. | (d) líon na ***dtiachóg*** Euro Dhigitigh a d'oscail soláthraithe seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagail 14(2) agus 14(3). |

Or. en

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí den euro digiteach rochtain a fháil ar an euro digiteach agus é a úsáid***, gan dochar do na teorainneacha a d'fhéadfadh a bheith ann arna socraítear ag an mBanc Ceannais Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 16***; | (a) a chur ar a gcumas d'úsáideoirí an Euro Dhigitigh rochtain a fháil ar an Euro Digiteach agus é a úsáid; |

Or. en

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***cuntais íocaíochta*** sa euro | (c) ***tiachóga*** Euro Dhigitigh de chuid |

| | |
|---|---|
| digiteacha de chuid úsáideoirí den euro digiteach a bhainistiú; | úsáideoirí an Euro Dhigitigh a bhainistiú; |

Or. en

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is éard a bheidh i gceist le bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach le haghaidh ***daoine nádúrtha***: | Is éard a bheidh i gceist le bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach le haghaidh ***tomhaltóirí***: |

Or. en

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***cuntas íocaíochta*** sa euro ***a oscailt, a choinneáil*** agus a dhúnadh; | (a) ***tiachóg*** Euro Dhigitigh ***a chlárú, a bhainistiú*** agus a dhúnadh; |

Or. en

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***iarmhéideanna agus idirbhearta a cheadú***; | (b) ***méid iarbhír agus stair idirbheart a chumhdaíonn tréimhse bliana***; |

Or. en

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cistiú agus díchistiú neamh-uathoibrithe ó chuntas íocaíochta sa euro ***neamhdhigiteach***; | (c) cistiú agus díchistiú neamh-uathoibrithe ó chuntas íocaíochta ***atá ainmnithe in euro***; |

Or. en

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe 1 – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) faisnéis faoi ***chuntais íocaíochta*** sa euro digiteach; lena n-áirítear faisnéis faoi shealúchais an úsáideora sa euro digiteach agus uimhir uathúil an ***chuntais íocaíochta*** sa euro digiteach; agus | (iii) faisnéis maidir le ***tiachóga*** Euro Dhigitigh; lena n-áirítear faisnéis faoi shealúchais an úsáideora sa Euro Digiteach agus uimhir ***aitheantais*** uathúil na ***tiachóige*** Euro Dhigitigh; agus |

Or. en

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe 1 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) faisnéis faoi idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne, lena n-áirítear ***aitheantóir*** an idirbhirt agus méid an idirbhirt. | (iv) faisnéisfaoi idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach ar líne, lena n-áirítear ***uimhir aitheantais*** an idirbhirt agus méid an idirbhirt. |

Or. en

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe 1 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) faisnéis faoi idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne, lena n-áirítear ***aitheantóir*** an idirbhirt agus méid an idirbhirt. | (iv) faisnéisfaoi idirbhearta íocaíochta sa Euro Digiteach ar líne, lena n-áirítear ***uimhir aitheantais*** an idirbhirt agus méid an idirbhirt. |

Or. en

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe 2 – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) faisnéis faoi ***chuntais íocaíochta*** sa euro digiteach, lena n-áirítear uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa euro digiteach; agus | (iii) faisnéis faoi ***thiachóg*** Euro Dhigitigh, lena n-áirítear uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa Euro Digiteach; agus |

Or. en

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 4 – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) faisnéis faoi ***chuntais íocaíochta*** sa euro digiteach, lena n-áirítear uimhir uathúil an ***chuntais íocaíochta*** sa euro digiteach, sealúchais an úsáideora sa euro digiteach, an teorainn sealúchais arna roghnú ag an úsáideoir agus cineál an chuntais sa euro digiteach. | (iii) faisnéis faoi ***thiachóga*** Euro Dhigitigh, lena n-áirítear uimhir ***aitheantais*** uathúil na ***tiachóga*** Euro Dhigitigh, sealúchais an úsáideora sa Euro Digiteach, an teorainn sealúchais arna roghnú ag an úsáideoir agus cineál an chuntais sa Euro Digiteach. |

Or. en

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) faisnéis faoi ***chuntais íocaíochta*** sa euro digiteach, lena n-áirítear ***aitheantóir*** uathúil an chuntais sa euro digiteach; | (i) faisnéis faoi ***thiachóga*** Euro Dhigitigh, lena n-áirítear uimhir ***aitheantais*** uathúil na ***tiachóige*** Euro Dhigitigh; |

Or. en